AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2022
COM(2022) 554 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir leis an measúnú ar an riosca a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mbíonn tionchar suntasach acu ar an margadh inmheánach agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann

{SWD(2022) 344 final}

1. RÉAMHRÁ

Molann an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF)[1] go ndéanfaidh tíortha measúnuithe riosca i ngach earnáil faoi réir na gceanglas maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT) a chomhrac. Ba cheart dóibh rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint, agus bearta coisctheacha comhréireacha a dhéanamh.

Agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige fornáisiúnta maidir le rioscaí á sainaithint, le Treoir (AE) 2015/849[2] (an 4ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid) arna mionathrú le Treoir (AE) 2018/843[3] (an 5ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid), leis seo 'an AMLD', tugtar sainordú don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar rioscaí sonracha a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF) a dhéanann difear don mhargadh inmheánach agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann.

D'fhoilsigh an Coimisiún a chéad mheasúnú riosca fornáisiúnta in 2017[4] agus d'fhoilsigh sé an dara ceann in 2019[5]. Tá dhá dhoiciméad i gceist le measúnú riosca fornáisiúnta an Choimisiúin 2022: an tuarascáil seo agus Doiciméad Inmheánach Oibre mionsonraithe, a léann le chéile, mapáil chuimsitheach de rioscaí gach réimse ábhartha, chomh maith leis na moltaí is gá chun iad a chomhrac a sholáthar.

Ceanglaítear le hAirteagal 6(1) den AMLD ar an gCoimisiún a thuarascáil a nuashonrú gach dhá bhliain (nó níos minice más iomchuí). Leis an gcleachtadh reatha, atá beagán moillithe mar gheall ar éifeachtaí phaindéim COVID-19, déantar athmheas ar na hearnálacha go léir a cumhdaíodh i gcleachtaí roimhe seo agus, i gcás nach bhfuil athrú tagtha ar na himthosca, déantar an fhaisnéis i dtuarascáil 2019 a nuashonrú agus a mhionchoigeartú. I gcás na n-earnálacha nó na dtáirgí sin inar braitheadh athruithe ábhartha, rinneadh athríomh ar na leibhéil riosca lena mbaineann mar thoradh ar an measúnú freisin (e.g.: cripteashócmhainní agus cearrbhachas ar líne, dhá earnáil a bhfuil riosca níos airde ag baint leo anois)[6].

Mar a rinneadh sna tuarascálacha roimhe seo, déantar anailís sa tríú heagrán sin ar rioscaí reatha um sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta agus moltar inti beart cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt orthu. Déantar measúnú inti freisin ar a mhéid ar cuireadh moltaí an Choimisiúin maidir le bearta maolaithe i dtuarascáil 2019 chun feidhme agus déantar meastóireacht inti ar na rioscaí atá fós ann. Baintear leas inti freisin as an bpróiseas comhairliúcháin oibre agus as an bpróiseas comhairliúcháin le páirtithe

[1] FATF, Measúnú náisiúnta riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta : https://www.fatf-gafi.org/documents/news/nationalmoneylaunderingandterroristfinancingriskassessment.html

[2] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); *IO L 141, 5.6.2015, lch. 73-117.*

[3] Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); *IO L 156, 19.6.2018, lgh. 43-74.*

[4] COM(2017) 340 final.

[5] COM(2019) 370 final.

[6] Tugtar tuairisc ar an nós imeachta sa chaibidil Modheolaíocht, Iarscríbhinn 2 den Doiciméad Inmheánach Oibre SWD(2022)344 a ghabhann leis.

leasmhara as ar tháinig glacadh Phlean Gníomhaíochta 2020[7] ón gCoimisiún agus as an bpacáiste reachtach AML/CFT a moladh in 2021[8].

Tá pacáiste reachtach 2021 ina chuid de thiomantas an Choimisiúin do shaoránaigh agus do chóras airgeadais an Aontais a chosaint ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta. Is é is aidhm leis feabhas a chur ar an dóigh a mbraitear idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha, agus lúba ar lár a dhúnadh a úsáideann coirpigh chun fáltais aindleathacha a sciúradh nó chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú tríd an gcóras airgeadais. Meastar gurb é **cnámh droma na mbeart maolaithe** atá beartaithe agus an bealach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin a sainaithníodh mar fhadhbanna de chineál struchtúrach agus nach féidir iad a leigheas trí athbhreithnithe a rinneadh roimhe seo ar rialacha an Aontais sa réimse AML/CFT amháin.

Tugtar tús áite do rioscaí sa tuarascáil seo agus dírítear inti freisin ar thosca geografacha nuair is féidir agus nuair is ábhartha[9], agus aghaidh á tabhairt ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil speisialta 13/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[10].

Agus an tuarascáil seo á hullmhú, rinne an Coimisiún cleachtadh leathan comhairliúcháin ina raibh a oiread páirtithe leasmhara ábhartha ab fhéidir páirteach[11] agus i rith an chomhairliúcháin inar pléadh earnálacha éagsúla trí idirphlé déthaobhach agus earnála le heagraíochtaí ionadaíocha ar leibhéal an Aontais, le saineolaithe a bhí ainmnithe go náisiúnta agus leis an saol acadúil. Tugadh aird chuí ar mheasúnuithe riosca náisiúnta (NRAnna) arna soláthar ag na Ballstáit agus ar na foilseacháin speisialaithe AML/CFT is déanaí. Chomh maith leis sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus le húdaráis náisiúnta, amhail Europol, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), agus Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) trí Ardán AFA an Aontais Eorpaigh[12]. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir 2020 agus 2022.

1.1. Tionchar phaindéim COVID-19

Tá dúshláin dhomhanda agus cur isteach eacnamaíoch gan choinne ann mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19 . Ó d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDF) gur phaindéim idirnáisiúnta a bhí i ráig COVID-19 i mí an Mhárta 2020, tá bearta éagsúla curtha i bhfeidhm ag rialtais ar fud an domhain mar fhreagairt ar an bpaindéim. Áirítear leo sin cistí spreagtha, tionscnaimh um chúnamh sóisialta agus um fhaoiseamh cánach, ach chomh maith leis sin cineálacha éagsúla beart dianghlasála agus srianta ar ghluaiseacht, amhail cuirfiúnna, dúnadh scoileanna agus ionad miondíola agus fáilteachais, dúnadh teorainneacha agus srianta taistil. Leis na hathruithe gan fasach ar iompar daoine aonair, an éiginnteacht agus an eagla atá i réim, agus srianta rialtais,

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta le haghaidh bheartas cuimsitheach an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (2020/C 164/06); *IO C 164, 13.5.2020, lgh. 21-33.*

[8] COM(2021) 423 final: https://ec.europa.eu/info/publications/210720-anti-money-laundering-countering-financing-terrorism_en

[9] Mar shampla, sna measúnuithe ar Shaorchriosanna agus Cláir um shaoránacht trí infheistíocht agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí.

[10] An Chúirt Iniúchóirí, Tuarascáil Speisialta 13/2021 'Tá iarrachtaí an Aontais Eorpaigh sciúradh airgid a chomhrac in earnáil na baincéireachta ilroinnte agus a gcur chun feidhme imleor', 28.6.2021: https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=58815
Tá tagairt mhionsonraithe don tuarascáil speisialta seo ar fáil sa chaibidil Modheolaíocht, Iarscríbhinn 2 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi.

[11] Feictear páirtithe leasmhara ar an liosta faoi phointe 8 den mhír sa Leabharliosta, in Iarscríbhinn 5 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi.

[12] Líonra na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais.

spreagadh athruithe ar an iompar coiriúil. Tá buntáiste beirthe ag coirpigh ar na cláir tacaíochta poiblí freisin.

Leis na cúinsí nua cuireadh leis an riosca sciúrtha airgid i roinnt mhaith earnálacha eacnamaíocha agus gníomhaíochtaí gnó. Mar chuid de na rioscaí sin, tá:

- míleithreasú agus calaois cistí arna ndeonú mar bhearta airgeadais chun geilleagair náisiúnta a chosaint ar thionchar na paindéime, nó cistí poiblí eile arna ndeonú i gcomhthéacs na paindéime;
- ceannas á ghlacadh ag gníomhaithe agus eagraíochtaí coiriúla de mheon mímhacánta ar ghnóthais a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu;
- níos mó deiseanna do ghrúpaí coiriúla ioncam a fháil ó fheistí leighis neamhúdaraithe agus cógaisíocht agus vacsaíní aindleathacha a dhíol, lena n-áirítear le rialtais;
- cibearchoireacht a dhéantar trí bhuntáiste a bhreith ar an méadú atá ag teacht ar líon na gceannachán ar líne, lena n-áirítear trí aitheantas calaoiseach a úsáid; agus
- éilliú státseirbhíseach agus bearta práinneacha á ndéanamh acu, e.g. soláthairtí leighis ar leith a ordú, agus simpliú gaolmhar ar rialacha soláthair[13].

B'éigean d'údaráis phoiblí laistigh den chóras frithsciúrtha airgid, e.g. maoirseoirí, AFAnna agus údaráis forfheidhmithe dlí, oiriúnú do mhodhanna nua lena gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh, rud a chuir srian ar shoghluaisteacht agus ar chaidreamh pearsanta. Áiríodh orthu sin teorainn nó stop le seiceálacha ar an láthair, agallaimh, agus misin um fhorfheidhmiú dlí i dtíortha eile chun oibríochtaí trasteorann a mheas. D'fhéadfadh sé gur laghdaíodh an cumas feidhmeanna a dhéanamh go héifeachtach i réimsí áirithe mar gheall air sin. Tugadh uirlisí agus cleachtais imscrúdaitheacha nua isteach, e.g. agallaimh agus scrúduithe ar líne, rud a chuir srian le tionchar na mbeart rialtais ar chumas maoirseachta agus imscrúdaitheach na n-údarás inniúil.

Níos mó ná dhá bhliain ó dhearbhú na paindéime, tá na feiniméin sin le feiceáil go fóill, cé go bhfuil a dtionchar níos teoranta anois mar gheall ar fheasacht níos fearr ar na bagairtí coiriúla sin, agus mar gheall go bhfuil iompar na saoránach mar a bhí sé roimh an bpaindéim anois den chuid is mó. Mar sin féin, déanfaidh coirpigh an *modi operandi* a úsáideann siad a choigeartú. Idir an dá linn, d'fhéadfadh struchtúir choiriúla atá ag feidhmiú san Aontas Eorpach tairbhe a bhaint fós as na hathruithe a tugadh isteach leis an bpaindéim agus d'fhéadfadh siad a gcumas a threisiú.

1.2. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin

Ó mhí an Mhárta 2014 i leith, tá bearta sriantacha (smachtbhannaí) forchurtha de réir a chéile ag an Aontas Eorpach ar an Rúis, mar fhreagairt ar dtús ar ionghabháil mhídhleathach na Crimé agus Sevastopol agus ar dhíchobhsú d'aon ghnó na hÚcráine. Ar an 23 Feabhra 2022, mhéadaigh an tAontas Eorpach na smachtbhannaí mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do limistéir atá faoi rialú neamhrialtais réigiúin féinrialaithe Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus ar ordú fhórsaí armtha na Rúise isteach sna

[13] Mar a thuairiscítear sa:

- Páipéar FATF ar Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a bhaineann le COVID-19 – Rioscaí agus Freagraí Beartais:

http://www.fatf-gafi.org/publications/methodsandtrends/documents/covid-19-ml-tf.html
https://www.fatf-gafi.org/media/fatf/documents/Update-COVID-19-Related-Money-Laundering-and-Terrorist-Financing-Risks.pdf

- EUROPOL, 'Brabúsaíocht na paindéime: an dóigh a mbaineann coirpigh leas as géarchéim COVID-19':

https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/pandemic_profiteering-how_criminals_exploit_the_covid-19_crisis.pdf

limistéir sin. Ón 24 Feabhra 2022 i leith, mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, rinne an tAontas Eorpach méadú suntasach ar na smachtbhannaí[14]. Chuir sé líon suntasach daoine agus eintiteas leis an liosta smachtbhannaí agus ghlac sé bearta gan fasach chun bonn eacnamaíoch na Rúise a lagú go mór, chun teicneolaíochtaí agus margaí ríthábhachtacha a bhaint di, agus chun srian suntasach a chur ar a cumas cogadh a fhógairt.

Ag an am céanna, méadaíodh córas smachtbhannaí an Aontais maidir leis an mBealarúis[15] mar fhreagairt ar rannpháirtíocht na tíre sin in ionsaí na Rúise ar an Úcráin agus mar fhreagairt ar na smachtbhannaí atá i bhfeidhm cheana féin. Is éard atá sa chóras smachtbhannaí ná sraith de bhearta airgeadais, eacnamaíocha agus trádála[16].

D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach bhearta an Aontais maidir le reo sócmhainní i gcoinne daoine agus eintiteas a bhfuil baint acu le hionsaí na Rúise a áirithiú, bhunaigh an Coimisiún Tascfhórsa 'Urghabháil agus Reoigh'. Is é aidhm an Tascfhórsa gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag comhlachtaí de chuid an Aontais agus ag údaráis náisiúnta a chomhordú agus aghaidh a thabhairt ar aon dúshláin a bhaineann le smachtbhannaí an Aontais a chur chun feidhme. Tá torthaí suntasacha á seachadadh ag an Tascfhórsa cheana féin: Tá sócmhainní reoite ag na Ballstáit arb ionann iad agus beagnach EUR 10 mbilliún, arb ionann é sin agus EUR 32 bhilliún nuair a chuirtear cistí Bhanc Ceannais na Rúise san áireamh. Tá tionchar foriomlán na smachtbhannaí á bhrath cheana féin i ngeilleagar na Rúise[17]. Tá sé mar aidhm ag an Tascfhórsa freisin malartuithe a éascú i measc údaráis forfheidhmithe dlí maidir le himscrúduithe agus bearta coigistíochta arna ndéanamh i ndáil le coireanna féideartha atá nasctha le daoine atá faoi réir smachtbhannaí (lena n-áirítear smachtbhannaí den sórt sin a shárú). Tá iniúchadh á dhéanamh ag an Tascfhórsa freisin ar roghanna chun sócmhainní coigistithe a úsáid chun tairbhe do mhuintir na hÚcráine.

Sa Mholadh ón gCoimisiún an 28 Márta 2022[18] maidir le céimeanna láithreacha i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin i dtaca le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, áitítear ar na Ballstáit athmheasúnú a dhéanamh ar eadóirseachtaí agus ar cheadanna cónaithe arna ndeonú faoi scéimeanna den sórt sin don Rúis agus don Bhealarúis, lena áirithiú nach bhfuil siad ina gcuid de liosta an Aontais um smachtbhannaí i ndáil leis an gcogadh san Úcráin. Mhol an Coimisiún freisin go gcuirfí eisiúint ceadanna cónaithe faoi scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí ar fionraí do gach náisiúnach de chuid na Rúise agus na Bealarúise.

De réir staidéar a rinneadh le déanaí trí úsáid a bhaint as uirlis DATACROS arna maoiniú ag an gCiste Slándála Inmheánaí - Póilíní[19], tá beagnach 31 000 gnólacht san Eoraip (a

[14] Téacs comhdhlúite: Rialachán (AE) Uimh 833/2014 ón gComhairle 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02014R0833-20220722

[15] Rialachán (AE) 2022/398 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise in ionsaí na Rúise ar an Úcráin; *IO L 82, 9.3.2022, lgh. 1-8*.
Cinneadh (CBES) 2022/399 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin; *IO L 82, 9.3.2022, lgh. 9-13*.

[16] https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/banking-and-finance/international-relations/restrictive-measures-sanctions/sanctions-adopted-following-russias-military-aggression-against-ukraine_en

[17] https://www.bloomberg.com/news/articles/2022-09-05/russia-risks-bigger-longer-sanctions-hit-internal-report-warns

[18] C(2022) 2028 final.

[19] Tá an anailís sin ina cuid de TOM – An Monatóir Úinéireachta, comhthionscnamh de chuid Transcrime agus a sheachchuideachta Crime&tech: https://www.transcrime.it/en/stories/tom-the-ownership-monitor/

bhfuil eastát réadach, tógáil, óstáin, agus an earnáil airgeadais agus fuinnimh i réim ina measc) le húinéirí tairbhiúla na Rúise[20]. Baineann úinéireacht (suas le 5 %) le 1 400 ceann acu atá faoi shealbh 33 duine atá faoi réir na smachtbhannaí le déanaí – na holagarcaí mar a thugtar orthu. D'fhéadfadh roinnt olagarcaí a n-úinéireacht nó ar rialú ar ghnólachtaí a mhaolú trí chuideachtaí idirmheánacha atá cláraithe[21] i dtíortha nach tíortha den Aontas iad nó scairshealbhóirí ainmnitheacha áitiúla.

Go deimhin, bhí táscairí ardriosca ag baint le roinnt de na gnólachtaí sin cheana féin sular eisíodh smachtbhannaí: le feiceáil sa bhunachar sonraí maidir le Sceitheamh Eischósta[22], castacht chorparáideach gan údar, úsáid socruithe dlíthiúla doiléire nó naisc le dlínsí ardriosca. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh (agus gur cheart do) na gnólachtaí sin foláirimh a thabhairt i measc na n-údarás inniúil agus maoirseachta roimh na teagmhais is déanaí.

I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an cuspóir le creat AML/CFT an Aontais Eorpaigh sláine chóras airgeadais an Aontais leis an tsaoirse, an ceartas agus an tslándáil a chosaint san Eoraip ina hiomláine. Chun sócmhainní an Aontais a chur chun feidhme i gceart, caithfear na rialacha maidir[23] le húinéireacht thairbhiúil a fhorfheidhmiú go héifeachtach (i.e. trédhearcacht na gclár gnó agus an réimse chorparáidigh); tuilleadh forbartha ar idirnaisc idir cláir éagsúla (cláir úinéireachta tairbhiúla, cláir chuideachtaí/ghnólachtaí, cláir talún); comhar idirghníomhaireachta agus malartú faisnéise níos réidhe, agus brath agus maoirseacht leormhaith ar shócmhainní atá i bhfolach ar údaráis chánach[24]. Is féidir cuideachtaí caocha folmha a chruthú éasca go leor, agus dá bhrí sin leanfar dá n-úsáid chun na céadta milliún euro a aistriú trí idirbhearta doiléire[25]. Trí úsáid a bhaint as cuideachtaí caocha, is féidir le coirpigh bunús agus ceann scríbe na gcistí a cheilt, chomh maith le fíorthairbhí na hoibríochta a cheilt. Féadfar na cistí sin a úsáid i gcomhair gnóthachan pearsanta go díreach agus chun tíortha iomlán a dhíchobhsú. Mar sin, má tharraingítear aird ar shreafaí airgid shalaigh cuirtear le cosaint an daonlathais agus shábháilteacht shaoránaigh an Aontais, ach cuidíonn sé freisin le tionchar na n-uathlathas a chomhrac.

Leagtar béim sa phlé i gcreat an Tascfhórsa 'Reoigh agus Urghabháil' ar na deacrachtaí a bhaineann leis na sócmhainní atá á rialú ag olagarcaí a shainaithint mar úinéirí tairbhiúla, a bhíonn i bhfolach go minic taobh thiar de struchtúir chasta dhlíthiúla i ndlínsí éagsúla.

---

[20]Is iad na critéir a bhaineann le staidéar TOM na cásanna ina 'rialaíonn na daoine aonair ainmnithe 5 % ar a laghad den scairchaipiteal, go díreach nó go hindíreach'.

[21]Is iad Oileáin Bhriotanacha na Maighdean agus Oileáin Cayman na príomhthíortha nach tíortha den Aontas iad a úsáidtear le haghaidh clárú cuideachtaí – ach ní bhaineann siad ach le thart ar 2 % de na naisc idirmheánacha go léir: 'Taobh istigh den matrioska: na gnólachtaí atá á rialú ag "olagarcaí" cheadaithe ar fud réigiúin agus earnálacha na hEorpa', Transcrime, Márta 2022.

[22] Tá faisnéis sa bhunachar sonraí sin faoi níos mó ná 810 000 eintiteas eischósta atá ina gcuid d'imscrúduithe ar Pháipéir Pandora, ar Pháipéir Paradise, Sceitheadh na mBahámaí, Páipéir Phanama agus Sceitheamh Eischósta. Nascann na sonraí le daoine agus le cuideachtaí i níos mó ná 200 tír agus críoch: https://offshoreleaks.icij.org/

[23]Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin; *IO L 78, 17.3.2014, lgh. 6-15.*

[24] I ndáil leis sin, ba cheart tagairt a dhéanamh don Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch a chosc chun críocha cánach agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE; COM/2021/565 final.

Chomh maith leis sin, tá foghrúpa curtha ar bun ag an gCoimisiún agus ag údaráis chánach na mBallstát maidir le forfheidhmiú cánach sa Tascfhórsa 'Reoigh agus Urghabháil' chun dlús a chur lena n-iarrachtaí i gcoinne dhaoine aonair agus chuideachtaí na Rúise agus na Bealarúise atá faoi smachtbhanna, mar aon lena gcomhpháirtithe: https://taxation-customs.ec.europa.eu/news/state-tax-authorities-step-tax-enforcement-efforts-support-freeze-and-seize-task-force-2022-06-08_en

[25] Tá iarrachtaí sa chéim um méadú i gcoinne cuideachtaí caocha a úsáid lena leagtar síos rialacha sa Treoir ón gCoimisiún atá beartaithe ag an gComhairle chun cosc a chur ar mhí-úsáid eintiteas caoch chun críocha cánach (COM/2021/565 final).

Is dúshlán mór é sin maidir le forfheidhmiú smachtbhannaí agus maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha um fhorfheidhmiú an dlí. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, dul chun cinn tapa idirbheartaíocht an phacáiste um Sciúradh Airgid a áirithiú lena áirithiú go mbeidh faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil ar fáil do na húdaráis inniúla. Ina theannta sin, i bhfianaise thábhacht na gclár maidir le cur chun feidhme éifeachtach smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe a áirithiú, tá sé tábhachtach go dtuarfadh na Ballstáit, a mhéid is féidir, glacadh na mbeart atá beartaithe iontu lena áirithiú go mbeidh go leor faisnéise sna cláir um úinéireacht thairbhiúil.

2. TORTHAÍ AN MHEASÚNAITHE RIOSCA FORNÁISIÚNTA

Sa tríú heagrán seo den mheasúnú riosca fornáisiúnta, déanann an Coimisiún anailís ar na rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh 43 táirge agus seirbhís, atá curtha le chéile in ocht gcatagóir, a chruthú do mhargadh inmheánach an Aontais. Is iad na táirgí agus na seirbhísí sin na cinn a sainaithníodh sa AMLD[26] mar aon le roinnt ceann eile atá ábhartha don mheasúnú riosca i bhfianaise a riosca bhunúsaigh bhraite[27].

Rinneadh measúnú ar na 43 táirge agus gníomhaíocht cheana féin sa dara heagrán (2019) den measúnú riosca fornáisiúnta[28], arbh ionann iad dá réir sin agus leagan nuashonraithe agus uasghrádaithe de chéad tuarascáil an Choimisiúin (2017)[29]. Déantar iad a ghrúpáil mar a leanas:

(1) Táirgí agus seirbhísí a bhaineann le hairgead tirim (cúiréirí airgid, gnólacht dian ar airgead, nótaí bainc ardluacha, íocaíochtaí in airgead tirim agus UMBanna faoi úinéireacht phríobháideach).
(2) An earnáil airgeadais (éarlais ar chuntais, an earnáil infheistíochta miondíola agus institiúidí, baincéireacht chorparáideach, baincéireacht phríobháideach, slua-chistiú, malartú airgeadra, ríomh-airgead, aistrithe cistí, aistrithe neamhdhleathacha cistí, seirbhísí íocaíochta, airgeadraí fíorúla agus sócmhainní fíorúla eile, iasachtaí gnó, creidmheas tomhaltóirí agus iasachtaí ar luach íseal, creidmheasanna morgáiste agus creidmheasanna ardluacha sócmhainn-bhunaithe, árachas (árachas saoil agus neamhshaoil) agus seirbhísí coinneála sábháilte).
(3) Táirgí agus seirbhísí neamhairgeadais (socruithe dlíthiúla, earraí ardluacha, sócmhainní ardluacha, cúiréirí i miotail agus clocha lómhara, eastát réadach, seirbhísí a sholáthraíonn cuntasóirí agus seirbhísí dlí).
(4) An earnáil chearrbhachais.
(5) Eagraíochtaí neamhbhrabúsacha.
(6) Spórt gairmiúil (peil ghairmiúil).
(7) Saorchriosanna.
(8) Scéimeanna saoránachta agus cónaithe d'infheisteoirí.

[26] Institiúidí creidmheasa agus airgeadais, seoltóirí airgid, oifigí malartaithe airgeadra, déileálaithe earraí agus sócmhainní ardluacha, gníomhairí eastáit, soláthraithe seirbhíse iontaobhais agus cuideachta, iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, nótairí agus gairmithe neamhspleácha dlí eile, agus soláthraithe seirbhíse cearrbhachais.

[27] Cumhdaítear na táirgí agus seirbhísí eile sin cumhdaithe faoi mheasúnuithe riosca náisiúnta ar fud an domhain de ghnáth. Áirítear leo catagóir na dtáirgí a bhaineann le hairgead tirim, agus airgeadraí fíorúla, slua-chistiú agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha freisin. Amhail an measúnú riosca fornáisiúnta (2019) roimhe seo, rinneadh measúnú freisin ar mhodhanna neamhfhoirmiúla áirithe, amhail na modhanna sin a úsáideann Hawala agus soláthraithe seirbhíse aistrithe luacha neamhfhoirmiúla eile, peil ghairmiúil, saorphoirt, agus scéimeanna saoránachta agus cónaithe d'infheisteoirí.

[28] COM(2019) 370 final.

[29] COM(2017) 340 final.

Rinneadh athbhreithniú orthu i bhfianaise chreat dlíthiúil athbhreithnithe AML/CFT an Aontais agus, i gcás inarbh ábhartha, ar éifeachtaí phaindéim COVID-19 agus na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise. I gcás nach bhfuil athrú tagtha ar na himthosca, ní dhearnadh athrú bunúsach ar na tuairiscí ná ar na measúnuithe ar na táirgí agus na seirbhísí a ndearnadh anailís orthu i dtuarascáil 2019.

Dá bhrí sin, leis an measúnú seo nuashonraítear an fhaisnéis i dtuarascáil 2019, ag déanamh mionchoigeartú agus cuichóiriú ar roinnt réimsí (amhail airgeadraí agus sócmhainní fíorúla agus anailís ar an earnáil airgeadais agus ar tháirgí neamhairgeadais), agus déantar athbhreithniú ar fhigiúirí agus ar fhoinsí faisnéise.

2.1. Na príomhrioscaí sna hearnálacha a chumhdaítear sa mheasúnú riosca fornáisiúnta

2.1.1. Airgead tirim agus sócmhainní airgeadúla

Cé gur tháinig laghdú ar idirbhearta miondíola in airgead tirim, is cosúil gur tháinig méadú ar an éileamh ar nótaí bainc euro, i dtreocht dá ngairtear 'paradacsa na nótaí bainc', rud a léiríonn go bhfuil airgead tirim fós ina stór luacha fiú i ndiaidh phaindéim COVID-19[30]. In ainneoin an athrú atá ag teacht ar chineál na coiriúlachta, tá an geilleagar coiriúil fós bunaithe go mór mór ar airgead tirim, rud a fhágann go bhfuil an tAontas Eorpach neamhchosanta ar rioscaí móra ML/TF mar gheall ar anaithnideacht agus a éasca atá gluaiseachtaí a bhaineann le hairgead tirim agus sócmhainní airgeadúla. Féachann coirpigh le fáltais airgid a aistriú chuig áiteanna ina bhfuil sé níos éasca airgead a úsáid nó a chur isteach sa chóras airgeadais, áiteanna ina n-úsáidtear airgead tirim den chuid is mó nó áiteanna nach ndéantar maoirseacht rómhaith ar an gcóras airgeadais go hiondúil. Féadfar airgead tirim a aistriú tuilleadh go sócmhainní anaithnide amhail cártaí réamhíoctha, nach bhfuil faoi réir rialuithe ag teorainneacha faoi láthair[31]. Tá an tuairisciú an-íseal, mar gheall ar an deacracht a bhaineann le hidirbhearta airgid a bhrath b'fhéidir. Le teacht chun cinn meaisíní airgid atá faoi úinéireacht phríobháideach (UMBanna) méadaítear na deiseanna d'eagraíochtaí coiriúla a bhfáltais a chur isteach sa chóras airgeadais neamhbhraite.

Mar gheall ar an gcreat dlíthiúil reatha san Aontas Eorpach cuirtear bac mór ar dheiseanna chun suimeanna móra airgid a ghintear go neamhdhleathach a thabhairt isteach sa chóras airgeadais. Leis an Rialachán maidir le Rialuithe Airgid[32], a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2021, méadaítear raon na rialuithe airgid thirim ag teorainn an Aontais agus neartaítear cumhachtaí na n-údarás.

Tá srianta curtha i bhfeidhm i láthair na huaire ag 19 mBallstát ar íocaíochtaí airgid thirim, nó tá siad i mbun iad a chur i bhfeidhm, ach nuair a scartar creataí éagsúla déantar

[30] 'Paradacsa na nótaí bainc: tuiscint a fháil ar an éileamh ar airgead tirim thar úsáid idirbheartaíochta', Feasachán Eacnamaíoch BCE, Eagrán 2/2021. Chomh maith leis sin, 'Cash still king in times of COVID-19 ', eochairóráid le Fabio Panetta, Ball de Bhord Feidhmiúcháin an BCE, ag 5ú Comhdháil Idirnáisiúnta Airgid na Deutsche Bundesbank – 'Cash in times of turmoil': https://www.ecb.europa.eu/press/key/date/2021/html/ecb.sp210615~05b32c4e55.en.html

[31] I Rialachán 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 *IO L 284, 12.11.2018, lgh. 6–21*, sainítear go gcuimsítear ceithre chatagóir in 'airgead tirim': airgeadra, ionstraimí soshannta iompróra, tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha agus cártaí réamhíoctha. Ní chlúdaítear cártaí réamhíoctha faoi láthair. Mar sin féin, má tá fianaise láidir ann go bhfuil cártaí réamhíoctha á n-úsáid chun luach a aistriú thar theorainneacha an Aontais a sháraíonn an reachtaíocht, d'fhéadfaí gníomh tarmligthe a ghlacadh chun cártaí réamhíoctha a chuimsiú.

[32] Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005; *IO L 284, 12.11.2018, lgh. 6-21.*

an iomaíocht a shaobhadh agus d'fhéadfadh athlonnú gnó chuig Ballstáit ina bhfuil ceanglais nach bhfuil chomh docht sin a bheith mar thoradh air sin. I bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le beartas cuimsitheach an Aontais i ndáil le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc[33], rinneadh tagairt d'uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí móra airgid thirim a thabhairt isteach mar bhealach chun rioscaí ML/TF a mhaolú. Chuige sin, sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta[34], áirítear teorainn ar íocaíochtaí móra airgid thirim.

2.1.2. An earnáil airgeadais

Mar a bhí sna tuarascálacha roimhe seo, cumhdaítear sa mheasúnú riosca fornáisiúnta seo roinnt táirgí agus earnálacha (17 san iomlán) sa chatagóir sin a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais do chustaiméirí tráchtála agus miondíola. Cuimsítear sa chaibidil seo raon leathan tionscal, lena n-áirítear an earnáil bhaincéireachta, infheistíocht, árachas, slua-chistiú, ríomh-airgead, aistriú cistí (dlíthiúil nó eile), cripteashócmhainní, agus seirbhísí íocaíochta.

Sna measúnuithe riosca fornáisiúnta roimhe seo cuireadh i dtábhacht cheana féin formhór na mbagairtí agus na leochaileachtaí a sainaithníodh agus tá siad fós ábhartha. Laistigh den earnáil airgeadais, tá easpa rialacha soiléire agus comhsheasmhacha, maoirseacht neamh-chomhsheasmhach AML/CFT ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus comhordú agus malartú neamhleor faisnéise i measc AFAnna, fós ag déanamh difear do chumas an Aontais Eorpaigh aghaidh a thabhairt ar rioscaí ML/TF mar is ceart[35]. Ina theannta sin, is minic gur deacair é d'údaráis inniúla AML/CFT sna Ballstáit maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe[36].

I gcomhréir leis an Tuairim ón Údarás Baincéireachta Eorpach i mí an Mhárta 2021[37], meastar sa mheasúnú riosca fornáisiúnta seo gurb iad institiúidí creidmheasa agus íocaíochta, bureaux de change, institiúidí ríomh-airgid agus soláthraithe creidmheasa (seachas institiúidí creidmheasa) is mó atá i mbaol na rioscaí a thagann chun cinn as laigí i gcórais agus rialuithe AML/CFT[38].

---

[33] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta um beartas cuimsitheach an Aontais maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (C/2020/2800), *IO C 164, 13.5.2020, lgh. 21-33.*

[34] COM(2021) 420 final.

[35] Tugtar aghaidh ar na fadhbanna struchtúracha sin i dtogra AML/CFT 2021 ón gCoimisiún: https://ec.europa.eu/info/publications/210720-anti-money-laundering-countering-financing-terrorism_en

[36] Tá sé sin ag teacht le torthaí ÚBE ina chéad tuarascáil ar chuir chuige na n-údarás inniúil i leith maoirseacht AML/CFT ar bhainc a foilsíodh in 2020. Tá an baol ann, in éagmais measúnuithe riosca leordhóthanacha, go dteipfidh ar údaráis inniúla rioscaí ML/TF, a bhfuil a n-earnáil neamhchosanta orthu, a shainaithint agus beart a dhéanamh maidir leo.

[37] Tuairim maidir le rioscaí um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF) a dhéanann difear d'earnáil airgeadais an Aontais Eorpaigh; An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), 3.3.2021, ÚBE/Op/2021/04: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Opinions/2021/963685/Opinion%20on%20MLTF%20risks.pdf
Is é seo an tríú tuairim maidir leis na rioscaí ML/TF a dhéanann difear d'earnáil airgeadais an Aontais Eorpaigh. D'eisigh ÚBE í mar chuid dá shainordú nua chun an comhrac in aghaidh ML/TF sa chóras airgeadais ar leibhéal an Aontais a threorú, a chomhordú agus faireachán a dhéanamh air. Bhí dlúthbhaint ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus ag an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA)leis an bpróiseas.

[38] I bhfianaise theacht chun cinn na rioscaí tras-earnála. Áirítear orthu sin rioscaí a bhaineann le hairgeadraí fíorúla, teicneolaíochtaí nua (FinTech agus RegTech), maoiniú sceimhlitheoireachta, rioscaí a thagann as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus dí-rioscú. Mar a mhínítear go mion i gcaibidil 3.1. de thuarascáil ÚBE.

Mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le cripteashócmhainní iarrtar ní hamháin go n-áiritheofar go mbeidh ardleibhéal cosanta ann do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí agus do shláine an mhargaidh, ach iarrtar bearta i gcoinne cúbláil mhargaidh agus chun gníomhaíochtaí ML/TF a chosc freisin[39]. Ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar rioscaí a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais agus beartas airgeadaíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn as úsáid fhorleathan a bhaint as réitigh atá bunaithe ar chripteashócmhainní agus ar Theicneolaíocht Mórleabhar Dáilte (DLT) i margaí airgeadais[40].

Mar gheall ar ghnéithe agus ar chineál na gcistí infheistíochta tá siad íogair i leith sciúradh na bhfáltas a thagann as calaois, coireanna cánach, éilliú agus breabaireacht[41]. Spreagtar an riosca sin níos mó mar thoradh ar neamhchosaint na hearnála ar chliaint ardriosca, chomh maith le líon ard, castacht agus cineál trasteorann na n-idirbheart. I dtionscal ag a bhfuil luach suntasach faoi bhainistíocht, tá trédhearcacht na húinéireachta tairbhiúla fós fo-optamach.

2.1.3. An earnáil neamhairgeadais agus táirgí

Faoin gcaibidil seo, déantar measúnú sa mheasúnú riosca fornáisiúnta ar struchtúir dhlíthiúla faoi chur chuige nua, ag imeacht ó thuairiscí roimhe seo. Dírítear anois inti ar an bpríomh-leochaileacht a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil a cheilt (iontaobhais, ainmnithe agus cuideachtaí) agus ní dhírítear a thuilleadh ar thréimhsí sonracha go bhfuil eintitis dhlíthiúla agus socruithe dlíthiúla ann (cruthú, gníomhaíocht ghnó, agus foirceannadh). Breithnítear inti freisin an margadh earraí ardluacha, infheistíocht in eastát réadach agus seirbhísí a sholáthraíonn cuntasóirí, iniúchóirí, comhairleoirí agus comhairleoirí cánach chomh maith le seirbhísí dlíthiúla ó nótairí agus ó ghairmithe dlíthiúla neamhspleácha eile.

2.1.3.1. An earnáil neamhairgeadais agus táirgí - Eintitis agus socruithe dlíthiúla

Féadfaidh coirpigh struchtúir chasta a cheapadh ina mbeidh cuideachtaí agus eintitis dhlíthiúla páirteach chun rianta iniúchta airgeadais a cheilt, lena n-áirítear go minic cuideachtaí caocha a úsáid. Trí úsáid struchtúr dlíthiúil den sórt sin cuirtear gluaiseacht fáltas aindleathach i mbréagriocht idirbheart gnó dlisteanach. Le hiontaobhais agus socruithe comhchosúla soláthraítear doiléire agus ceiltear gurb ann do shócmhainní ó údaráis forfheidhmithe dlí agus ó oifigí aisghabhála sócmhainní. Le heaspa comhair agus comhroinnt faisnéise idir údaráis i ndlínsí éagsúla cruthaítear réimsí laigí ar féidir le coirpigh a lorgaíonn dlínsí nach bhfuil na rialuithe AML chomh héifeachtach iontu leas a bhaint astu go héasca.

Féadfar leas a bhaint as na seirbhísí a chuireann stiúrthóirí agus scairshealbhóirí ainmnitheacha ar fáil, mar chomhlánú leis na struchtúir sin, chun úinéireacht thairbhiúil a cheilt. Mar shampla, lorgaíonn coirpigh agus daoine a bhfuil cosc orthu glacadh le poist áirithe i ngnó seirbhísí ainmnithe foirmiúla lena n-aitheantas a cheilt, chun dul timpeall ar thoirmisc, agus chun iad féin a choinneáil faoi cheilt i ndoiciméid agus i gclárlanna cuideachta.

---

[39] Rioscaí a dtugtar aghaidh orthu sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Margaí i gCripteashócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM/2020/593 final.

[40] Tá na tograí sin ón gCoimisiún ina dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna sin mionsonraithe sna codanna ábhartha den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leo.

[41] Chun míniú mionsonraithe a fháil, féach na ranna sa Doiciméad Inmheánach Oibre ina ndéantar measúnú ar 'An earnáil mhiondíola agus infheistíochta institiúidí' agus ar 'Ainmnithe'.

2.1.3.2. An earnáil neamhairgeadais agus táirgí – Earraí ardluacha

Is tráchtearraí iad earraí ardluacha, lena n-áirítear saothair ealaíne, seaniarsmaí, agus miotail agus clocha lómhara, lena n-éascaítear aistriú luacha. I gcás coirpeach, ciallaíonn sé sin go bhféadfar fáltais aindleathacha a aistriú go sócmhainní ardluacha ar féidir iad a aistriú thar theorainneacha agus a stóráil go measartha éasca agus gan mórán grinnscrúdú rialála. Is minic a bhíonn luach sócmhainní amhail saothair ealaíne agus seandachtaí suibiachtúil agus dúshlánach maidir lena ndeimhniú nó lena gcur i gcomparáid lena chéile. Dá bhrí sin, is féidir píosaí saora ealaíne a dhíol le comhchoirithe ar phraghas an-bhoilscithe, agus sonrasc a sholáthar lena ndéantar an t-aistriú cistí a dhlisteanú.

Tá tuairisciú forleathan déanta ar na naisc idir an trádáil i seaniarsmaí agus an gháinneáil ar dhrugaí, ar fhiadhúlra agus ar airm, sciúradh airgid agus coireacht chánach agus maoiniú meaisíní cogaidh agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta, rud a chuireann an gháinneáil ar sheaniarsmaí ar leibhéal na coireachta eagraithe trasnáisiúnta tromchúisí[42]. Mar a fógraíodh i Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025[43], ag deireadh 2022 glacfaidh an Coimisiún a phlean gníomhaíochta maidir le gáinneáil ar mhaoin chultúrtha, ina leagfar amach cur chuige cuimsitheach beartais chun cur isteach ar an gcineál sin coireachta agus chun maoin chultúrtha a chosaint ar dhíobháil de bharr gníomhaíochtaí coiriúla.

2.1.3.3. An earnáil neamhairgeadais agus táirgí – Soláthraithe seirbhíse

Tá cuideachtaí soláthraí seirbhíse[44] fós i mbaol insíothlaithe nó úinéireachta ag grúpaí coireachta eagraithe maidir le fáltais aindleathacha a sciúradh. Féadfaidh déantóirí coire buntáiste a bhreith ar a seirbhísí comhairleacha agus as a saineolas maidir le struchtúir a chruthú agus a bhainistiú, chomh maith lena gcumas doiciméid agus dearbhuithe a chur ar fáil i ndáil le gníomhaíochtaí gnó. Leis an measúlacht a bhaineann le gairmeacha áirithe bíonn siad ina spriocanna tarraingteacha do dhaoine a bhíonn i mbun sciúrtha, mar atá sé lena n-úsáid as cuntais chliaint. D'fhéadfadh gairmithe a bheith páirteach i ngan fhios dóibh féin, ach d'fhéadfaidís a bheith ábalta déileáil le coirpigh nó a bheith faillíoch d'aon ghnó maidir lena n-oibleagáidí AML/CFT a chomhlíonadh.

Tá an neamhchosaint ar riosca á spreagadh ag rannpháirtíocht na ngairmithe sin i mbainistíocht cásanna dlíthiúla casta agus cuideachtaí agus socruithe dlíthiúla, lena n-áirítear cuideachtaí caocha agus cuideachtaí eischósta.

Leis na difríochtaí maidir le cur i bhfeidhm na maoirseachta rioscabhunaithe ag roinnt earnálacha ar fud na mBallstát, go háirithe nuair a dhéanann comhlachtaí féinrialála iad, imrítear tionchar ar chosc éifeachtach agus ar an gcumas mí-úsáid a bhrath. Léirítear le líon íseal na dtuairiscí ar idirbhearta amhrasacha nó ar ghníomhaíocht amhrasach (STRanna nó SARanna)[45] ó fhormhór na nGnólachtaí agus na nGairmithe Neamh-

[42] Féach, maidir le gach rud, INTERPOL, RHIPTO, an Tionscnamh Domhanda in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta: *Atlas domhanda na sreafaí aindleathacha*, 2018: https://www.interpol.int/ar/content/download/14080/file/World%20Atlas%20of%20Illicit%20Flows-1.pdf

[43] COM/2021/170 final.

[44] Cuideachtaí gairmiúla a sholáthraíonn seirbhísí cuntasóirí, iniúchóirí, comhairleoirí agus comhairleoirí cánach chomh maith le nótairí agus gairmithe dlí neamhspleácha eile – mar a thuairiscítear sna measúnuithe ábhartha in Iarscríbhinn 1 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

[45] Seasann DNFBP do 'Gnólachtaí agus Gairmithe Neamh-Airgeadais Ainmnithe' (DNFBP). Cineálacha áirithe gnólachtaí 'neamhairgeadais' a sainaithníodh mar ghnólachtaí atá soghabhálach i leith sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta mar gheall ar chineál a ngnó agus na hidirbhearta a bhaineann le gníomhaíocht a fhéadfaidh siad a dhéanamh.

Airgeadais Ainmnithe (DNFBPanna) ar fud na mBallstát nach bhfuil amhras á bhrath ná á thuairisciú go héifeachtach.

Tá an earnáil eastáit réadaigh neamhchosanta go mór freisin ar rioscaí sciúrtha airgid agus tá siad leochaileach go háirithe i leith críocha coireachta cánach. Measadh i staidéar de chuid an Choimisiúin go bhfuil EUR 1.4 trilliún coinnithe ag cónaitheoirí an Aontais in eastát réadach amach ón gcósta[46]. Tá dúshláin ag baint le modhanna casta maoinithe, idirghabháil agus úsáid feithiclí corparáideacha maidir le húinéireacht thairbhiúil a shainaithint. Tugtar samplaí i staidéir ar rinne FATF agus Egmont Group de chastacht na scéimeanna tá i bhfeidhm chun foinse na gcistí a cheilt[47].

Mar a léirítear sna Measúnuithe Riosca Náisiúnta, baineann soláthraithe seirbhíse an tairbhe is mó as gníomhaíochtaí múscailte feasachta, oiliúint agus maoirseacht fheabhsaithe.

2.1.4. Gnéithe is coiteann do na hearnálacha airgeadais agus neamhairgeadais (eintitis dhlíthiúla agus socruithe dlíthiúla)

Tá laige maidir le húinéireacht thairbhiúil fós ina bagairt shuntasach ar an gcóras airgeadais. Tá anaithnideacht fós ina leochaileacht chriticiúil sa chóras airgeadais idirnáisiúnta, agus gan é ar chumas na mbanc, na rialtóirí agus na n-údarás forfheidhmithe dlí fíorúinéirí cuideachtaí a dhearbhú go gasta. Tá gnóthais chomhinfheistíochta i mbaol ar an dóigh chéanna, toisc nach mbíonn aitheantas na n-infheisteoirí deiridh trédhearcach de ghnáth[48], agus toisc go ndéantar malartú faisnéise idir idirghabhálaithe níos casta mar gheall ar úsáid cuntas omnibus.

San earnáil neamhairgeadais, is luachmhar eintitis dhlíthiúla agus socruithe dlíthiúla do choirpigh mar gheall ar a gcumas anaithnideacht a fheabhsú agus aitheantas úinéirí tairbhiúla a cheilt, chomh maith le modh chun a ngníomhaíochtaí aindleathacha a dhéanamh, mar shampla trí lóistíocht nó iompar earraí aindleathacha a éascú.

Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil trédhearcacht na húinéireachta tairbhiúla ina gné ríthábhachtach sa dá réimse. Is leis na tionscnaimh sin a glacadh le blianta beaga anuas ar an leibhéal domhanda agus go háirithe san Aontas Eorpach, atá ina cheannródaí maidir leis sin, a thabharfar aghaidh ar rioscaí a bhaineann le hanaithnideacht, chun trédhearcacht gnólachtaí a threisiú agus chun cosc a chur ar choirpigh mí-úsáid a bhaint astu. Níl i mbunú clár um úinéireacht thairbhiúil[49] agus i méadú thrédhearcacht na gcuideachtaí[50] ach roinnt samplaí d'iarrachtaí leanúnacha sa chomhrac i gcoinne úsáid cuideachtaí caocha. Chomh maith le bheith ar an eolas faoi cé a rialaíonn gnólacht i ndáiríre, nuair a nochtar an ***dóigh*** a rialaítear gnólacht soláthraítear noda imscrúdaitheacha agus cuirtear measúnú riosca in oiriúint, rud a threisíonn brath luath

[46] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim, *Faireachán a dhéanamh ar an méid saibhris atá faoi cheilt ag daoine aonair i lárionaid idirnáisiúnta airgeadais agus tionchar na gcaighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta le déanaí maidir le trédhearcacht cánach maidir leis an gcomhrac i gcoinne imghabháil cánach: tuarascáil deiridh*, Oifig na bhFoilseachán 2021: https://data.europa.eu/doi/10.2778/291262

[47] Mar shampla, FAFT agus Egmont Group, *Concealment of Beneficial Ownership*, lch. 26, Iúil 2018.

[48] Le cuntas omnibus éascaítear trádáil bhainistithe níos mó ná duine amháin, agus éascaítear anaithnideacht na ndaoine sa chuntas.

[49] Agus Airteagal 30 de Threoir (AE) 2015/849 á thrasuí.

[50] Treoir (AE) 2019/1151 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí. Tá tionscnamh nua á ullmhú ag an gCoimisiún freisin i gcomhthéacs dhlí na gcuideachtaí arb é is aidhm leis, i measc nithe eile, seiceálacha *ex ante* ar chuideachtaí sna Ballstáit uile a chur san áireamh.

rioscaí, agus a éascaíonn tuiscint na bpatrún folaithe nach mbeadh le feiceáil le cur chuige traidisiúnta.

2.1.5. An earnáil chearrbhachais

Tá fás eacnamaíoch tapa agus forbairt theicneolaíoch ina sainghnéithe den earnáil chearrbhachais, le fás láidir ar an earnáil ar líne le linn phaindéim COVID-19 agus ina dhiaidh. I dtaca leis sin, thuairiscigh roinnt údaráis inniúla go bhfuil tuilleadh méadaithe tagtha ar rioscaí a thagann as an gcearrbhachas ar líne ó foilsíodh an measúnú riosca fornáisiúnta deireanach in 2019.

Den chéad uair measadh sa mheasúnú seo go bhfuil dearbháin inmhalartaithe a úsáidtear i bhfischluichí comhshamhlaithe le cripteashócmhainní[51]. Dá bhrí sin, ba cheart go gcloífeadh a measúnú ar bhagairtí leis an gcóras céanna.

Den chuid is mó, baineann neamhchosaint ardriosca le casaíní, ach tá éifeacht mhaolaitheach ag baint leo ina gcuimsiú sa chreat AML/CFT ó 2005 i leith. Le crannchuir agus meaisíní cearrbhachais (lasmuigh de chasaíní) cruthaítear leibhéal measartha riosca ML/TF. Maidir leis an gcéad cheann, tá rialuithe áirithe i bhfeidhm, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le buachan ard. Meastar nach léiríonn biongó bunaithe ar thalamh ach leibhéal íseal riosca ML/TF mar gheall ar na geallta agus na híocaíochtaí réasúnta íseal atá i gceist.

2.1.6. Bailiú agus aistriú cistí trí Eagraíochtaí Neamhbhrabúsacha (NPOnna)

Cumhdaítear sa tuarascáil seo catagóirí na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá leagtha amach sa Mholadh ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais[52]. Baineann an cás riosca sin le bailiú agus aistriú cistí ag NPOnna laistigh den mhargadh inmheánach, chomh maith le bailiú cistí lena n-aistriú chuig tríú tíortha agus uathu.

Cruthaítear dúshlán le hilchineálacht na hearnálacha agus na bhfo-earnálacha NPO don mheasúnú ar rioscaí. Féadfaidh cineál agus leibhéal na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta araon a bheith éagsúil ag brath ar na foinsí cistiúcháin, ar na modhanna agus ar na bealaí eisíocaíochta, agus ar thairbhithe na gcistí. Is gnách go n-oibríonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a sholáthraíonn cabhair dhaonnúil i limistéir ina bhfuil coinbhleacht nó géarchéim, ar limistéir iad ina bhféadfadh grúpaí armtha nó daoine aonair atá ainmnithe mar sceimhlitheoirí a bheith i láthair uaireanta. Le dí-rioscú arna dhéanamh ag institiúidí airgeadais cuirtear NPOnna i mbaol eisiamh airgeadais, agus leis an deacracht a bhaineann le rochtain a fháil ar bhealaí foirmiúla baincéireachta déantar an riosca a mhéadú níos mó [53].

---

[51] Féadfaidh lucht sciúrtha airgid úsáid a bhaint as díol digiteach na ndearbhán sin an dóigh chéanna a úsáideann siad díolacháin fhisiceacha. Is féidir airgead neamhdhleathach a úsáid chun iad a cheannach agus ansin iad a dhíol, agus ar an tslí sin glantar an t-airgead salach. Tógaimis na samplaí seo a leanas: https://archive-yaleglobal.yale.edu/content/money-laundering-video-games-financial-times

[52] 'Duine dlítheanach nó eagraíocht nó socrú a bhíonn páirteach go príomha i gcistí a chruinniú nó a eisíoc chun críocha carthanúla, reiligiúnacha, cultúrtha, oideachais, sóisialta nó bráithreachais , nó chun cineálacha eile 'oibreacha maithe' a dhéanamh:
http://www.fatf-gafi.org/media/fatf/documents/reports/BPP-combating-abuse-non-profitorganisations.pdf

[53] I gcás ina ndéanann institiúid airgeadais cinneadh diúltú caidreamh gnó a dhéanamh le custaiméirí aonair nó le catagóirí custaiméirí a bhfuil riosca ML/TF níos airde ag baint leo, nó caidreamh gnó dá leithéid a fhoirceannadh, nó diúltú d'idirbhearta riosca ML/TF níos airde a dhéanamh, tugtar 'dí-rioscú' air sin. De réir na Tuairime ón Údarás Baincéireachta Eorpach maidir le 'dí-rioscú', ÚBE/Op/2022/01), d'fhéadfadh dí-rioscú a bheith ina uirlis dhlisteanach bainistíochta riosca, ach freisin d'fhéadfadh sé a bheith ina chomhartha de bhainistíocht riosca ML/TF

Tá tuiscint níos mó ag eagraíochtaí neamhbhrábúsacha ar na rioscaí a bhíonn rompu, agus méadú ar infheistíocht i bhfeidhmeanna comhlíontachta agus iniúchóireachta á thabhairt faoi deara i measc eagraíochtaí neamhbhrábúsacha seanbhunaithe. Is ann do bhreis comhoibrithe agus for-rochtana idir na Ballstáit agus an earnáil airgeadais chun rochtain na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar bhealaí rialáilte a éascú.

Tá maoirseacht de chineál éigin i bhfeidhm ag beagnach gach Ballstát, cé acu trí chomhlachtaí rialála NPO, údaráis chánach, nó cineálacha eile údarás maoirseachta. D'éirigh nósanna imeachta um dhícheall cuí maidir le clárú agus rochtain ar sheirbhísí airgeadais níos déine, rud a fhágann go bhféadfadh sé nach bhfuil eagraíochtaí neamhbhrabúsacha chomh tarraingtí sin chun críocha maoinithe sceimhlitheoireachta.

2.1.7. Spórt gairmiúil

Cosúil le go leor gnólachtaí eile, tá an spórt á úsáid ag coirpigh chun airgead a sciúradh agus ioncam mídhleathach a fháil. Is léir go n-úsáidtear an pheil, an spórt is mó tóir ar fud an domhain gan amhras, chun na críocha sin. Mar atá i saol na healaíne, ní bhíonn coirpigh i saol an spóirt spreagtha i gcónaí ag gnóthachan eacnamaíoch. D'fhéadfadh meas sóisialta, nasc le daoine cáiliúla, agus an t-ionchas go mbeifear ag déileáil le pearsana údaráis infheistíocht choiriúil a mhealladh freisin.

Bhí tionchar uafásach ag paindéim COVID-19 ar airgead clubanna, agus bhí roinnt treochtaí ag fás mar thoradh air sin lena bhféadfaí an earnáil a chur i mbaol níos mó. De bharr easpa acmhainní agus oiliúna, tá an earnáil seo fós i mbaol sciúradh airgid agus, ach ní a oiread céanna, maoiniú sceimhlitheoireachta. Le creat dlíthiúil na hearnála féin méadaíodh na seiceálacha a chuirtear i bhfeidhm, ach ní leor an creat sin amháin. Tá trédhearcacht ar gach leibhéal, idir aistriú imreoirí go húinéireacht clubanna, riachtanach chun leibhéal riosca na hearnála seo a laghdú.

2.1.8. Criosanna saorthrádála

Meastar fós go mbaineann rioscaí arda sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta le criosanna saorthrádála toisc go dtugtar roinnt buntáistí leo ó thaobh custaim agus cánachais de. Mar gheall air sin tá níos mó seans ann go n-éascófar sé sin cionta preideacáide nó mí-úsáid leo. Cé go bhfuil na rioscaí a ndearnadh measúnú orthu infheidhme maidir le gach saorchrios agus maidir le stórais chustaim, ach ní a oiread chéanna, déantar iad a ghéarú i gcás earraí ardluacha a choinnítear i saorphoirt. Ag díriú ar an bhfás tapa ag ardleibhéal an mhargaidh ealaíne agus ar leathnú fisiceach na spásanna stórála sómasacha, tugtar le fios i bpáipéar taighde go bhfuil saorphoirt shómasacha á mbunú féin mar imreoirí nua sa chóras domhanda maidir le seachaint cánach agus coireacht[54].

Ina theannta sin, tá criosanna saorthrádála fós ina mbagairt maidir le góchumadh, mar go gcuirtear ar chumas góchumadóirí leo coinsíneachtaí a thabhairt i dtír, ualaí nó páipéarachas gaolmhar a chur in oiriúint nó crioscaíl a dhéanamh orthu ar shlí eile agus

---

neamhéifeachtach, agus d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith leis sin. Measann ÚBE gur cheart go mbeadh a threoir rialála maidir le conas rioscaí ML/TF a bhainistiú, má chuirtear i bhfeidhm mar is ceart í, ina chuidiú le dí-rioscú gan údar a sheachaint: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Opinions/2022/Opinion%20on%20de-risking%20%28EBA-Op-2022-01%29/1025705/EBA%20Opinion%20and%20annexed%20report%20on%20de-risking.pdf

54 https://www.taxobservatory.eu/repository/the-new-luxury-freeports-offshore-storage-tax-avoidance-and-invisible-art/

ansin na táirgí a ath-onnmhairiú gan idirghabháil custaim, agus dá bhrí sin fíorthionscnamh agus fíorchineál na n-earraí, agus aitheantas an tsoláthraí bhunaidh a cheilt.

Is féidir feabhas a chur ar rialáil saorchriosanna an Aontais. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, a glacadh i mí Iúil 2021, déantar raon feidhme na n-eintiteas a chumhdaítear a shoiléiriú[55]. Tá an Coimisiún ag déanamh meastóireacht ar shaorchriosanna an Aontais faoi láthair. I measc anailísí eile, déantar measúnú sa mheastóireacht sin ar thairbhí agus ar chostais na saorchriosanna, lena n-áirítear an riosca go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu, i réimse an chustaim agus an chánachais araon.

2.1.9. Scéimeanna saoránachta agus cónaithe d'infheisteoirí

Tá sé mar aidhm le scéimeanna saoránachta agus cónaithe d'infheisteoirí infheistíocht a mhealladh i dtír trí chearta saoránachta nó cónaithe a dheonú mar mhalairt ar íocaíochtaí réamhchinntithe nó ar infheistíochtaí sa tír lena mbaineann. Tá scéimeanna den sórt sin tarraingteach mar go n-éascaíonn siad taisteal agus gnó a dhéanamh, ach d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun críocha sciúrtha airgid, coireachta cánach agus éilliithe agus d'fhéadfaí rioscaí slándála a chruthú leo freisin. Leis an dara saoránacht d'fhéadfaí gluaiseacht fáltas mídhleathach agus ceilt sócmhainní ó údaráis inniúla a éascú. D'fhéadfadh imní teacht chun cinn freisin maidir le heaspa trédhearcachta agus rialachais na scéimeanna.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, rinne an Coimisiún bearta maidir leis na trí Bhallstát[56] a raibh scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí i bhfeidhm acu an tráth sin, bunaithe ar imní gur mhainnigh na Ballstáit sin a n-oibleagáidí maidir le dlí an Aontais a chomhlíonadh i ndáil le prionsabal an chomhair dhílis[57] agus coincheap shaoránacht an Aontais[58]. Mar gheall ar chineál shaoránacht an Aontais, agus na cearta a ghabhann leis, tugtar le tuiscint nach bhfuil scéimeanna den sórt sin teoranta don Bhallstát a eadóirsíonn infheisteoir, ach go ndéanann siad difear do gach Ballstát agus don Aontas Eorpach ina iomláine. Tá sé ráite go sainráite ag an gCoimisiún go mbaintear an bonn d'iomláine shaoránacht an Aontais, mar aon le prionsabal an chomhair dhílis, le deonú náisiúntachta, agus le leathnú shaoránacht AE, mar mhalairt ar íocaíochtaí nó ar infheistíochtaí réamhchinntithe, agus gan aon nasc dáiríre idir an Ballstát lena mbaineann agus an t-infheisteoir[59].

Ní leanann ach Ballstát amháin leis an scéim saoránachta d'infheisteoirí a fheidhmiú[60]. Lean an Coimisiún a nós imeachta um shárú i gcoinne an Bhallstáit sin i mí Aibreáin 2022[61].

---

[55] Tá sé mar aidhm leis an togra raon feidhme na n-eintiteas faoi oibleagáid a dhéanann ealaín a thrádáil agus a stóráil i stórais chustaim a leathnú.

[56] Ar an 20 Deireadh Fómhair 2020 sheol an Coimisiún Eorpach nósanna imeachta um shárú i gcoinne na Cipire agus Mhálta trí litreacha fógra fhoirmiúil a eisiúint maidir lena scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí. Scríobh an Coimisiún chuig an mBulgáir freisin faoina scéim saoránachta d'infheisteoirí i mí Dheireadh Fómhair 2020.

[57] Airteagal 4(3) CFAE.

[58] Airteagal 20 CFAE.

[59] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Scéimeanna saoránachta agus cónaithe d'infheisteoirí san Aontas Eorpach', 23.1.2019, COM(2019) 12 final: https://ec.europa.eu/info/files/report-commission-european-parliament-council-european-economic-and-social-committee-and-committee-regions-investor-citizenship-and-residence-schemes-european-union_en

[60] Málta. Mar sin féin, i mí an Mhárta 2022 chuir Málta a scéim do náisiúnaigh na Rúise agus na Bealarúise ar fionraí ar bhonn sealadach go dtí go bhfógrófar a mhalairt. Chuir an Bhulgáir deireadh lena clár um shaoránacht trí

Tairgeann 19 mBallstát scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, áfach.

Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, sonraítear go ndéanfar oibreoirí atá páirteach thar ceann náisiúnaigh tríú tír i gcomhthéacs scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí a ghabháil mar eintitis faoi oibleagáid. Ní chuimsítear gníomhaithe atá páirteach i scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí sa togra i bhfianaise imní an Choimisiúin maidir lena neamhréireacht le dlí an Aontais[62].

Leagadh béim ar rioscaí na scéimeanna sin le déanaí i gcomhthéacs ionsaí na Rúise ar an Úcráin, ós rud é go bhféadfadh sé go bhfuair náisiúnaigh atá faoi réir smachtbhannaí nó atá ag tacú go mór leis an gcogadh in éadan na hÚcráine saoránacht an Aontais nó ceadanna cónaithe i mBallstáit. Toisc go sáraíonn scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí dlí an Aontais, d'áitigh an Coimisiún ar na Ballstáit scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a aisghairm láithreach. D'iarr sé ar na Ballstáit a áirithiú freisin go ndéanfar dianseiceáil ar scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí[63].

Ina theannta sin, mar chuid de na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, ghlac an Coimisiún togra an 27 Aibreán 2022 chun an Treoir maidir le Cónaitheoirí Fadtéarmacha a athmhúnlú. Áirítear sa togra, i measc nithe eile, rialacha chun cosc a chur ar infheisteoirí tríú tír stádas cónaitheora fhadtéarmaigh an Aontais a fháil ar bhealach míchuí. Chun na críche sin, cuimsítear ann foráil chun seiceálacha ar an gceanglas cónaithe a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar iarratais ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh an Aontais arna gcur isteach ag daoine a bhfuil agus/nó a raibh cead cónaithe acu a deonaíodh ar bhonn infheistíocht de chineál ar bith i mBallstát.

3. BEARTA MAOLAITHE

3.1. Bearta maolaithe faoin 5ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid

Leis an 5ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid, ar imigh a spriocdháta lena trasuí thart i mí Eanáir 2020[64], cuireadh uirlisí ar fáil don Aontas ionas gur féidir leis cosc níos éifeachtaí a chur ar a chóras airgeadais a úsáid le haghaidh ML/TF, go háirithe trí:

- trédhearcacht a fheabhsú trí chláir úinéireachta tairbhiúla poiblí do chuideachtaí, agus cláir atá ar fáil go poiblí le haghaidh iontaobhais agus socruithe dlíthiúla eile;
- anaithnideacht arna tairiscint ag airgeadraí fíorúla, ag soláthraithe tiachóg agus ag cártaí réamhíoctha a theorannú;
- na critéir chun measúnú a dhéanamh ar thíortha ardriosca a leathnú agus feabhas a chur ar na cosaintí d'idirbhearta airgeadais chuig na tíortha sin agus uathu;
- a cheangal ar na Ballstáit clárlanna cuntas bainc ceannais nó córais aisghabhála a chur ar bun;
- feabhas a chur ar chomhar maoirseoirí frithsciúrtha airgid agus ar mhalartú faisnéise le chéile agus le maoirseoirí stuamachta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach.

---

infheistíocht i mí an Mhárta 2022, ar cinneadh é a tháinig i bhfeidhm i mí Aibreáin 2022. Chuir an Chipir a scéim um shaoránacht trí infheistíocht ar fionraí in 2020 agus chríochnaigh sí láimhseáil gach iarratais ar feitheamh in 2021.

[61] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_22_2068

[62] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, 20.7.2021, COM(2021) 420 final.

[63] Moladh ón gCoimisiún an 28.3.2022 maidir le bearta láithreacha i gcomhthéacs ionradh Rúise ar an Úcráin i ndáil le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí; C(2022) 2028 final.

[64] Ag an tráth a ullmhaíodh an tuarascáil seo, tá trasuí iomlán tuairiscithe ag na Ballstáit go léir.

Meastar go gcuideoidh na bearta sin níos mó leis na leibhéil riosca a laghdú sna hearnálacha agus sna táirgí lena mbaineann. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chomhlíonadh na bhforálacha nua agus foilseoidh sé tuarascáil maidir le cur chun feidhme in 2022.

3.2. Bearta maolaithe an Aontais atá i bhfeidhm cheana nó atá ar na bacáin

3.2.1. Bearta reachtacha

Tá an chuid is mó de na bearta reachtacha dá dtagraítear sa dá mheasúnú riosca fornáisiúnta a bhí ann roimhe seo glactha cheana féin, go suntasach:

- an 5ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid,
- an Rialachán nua maidir le Rialuithe Airgid[65],
- an Treoir maidir le Sciúradh Airgid a chomhrac leis an Dlí Coiriúil[66],
- an Rialachán maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú[67],
- an Treoir maidir le rochtain ar fhaisnéis airgeadais agus ar fhaisnéis eile[68],
- athbhreithniú ar Rialacháin na nÚdarás Maoirseachta Eorpach[69],
- glacadh le Treoir (AE) 2019/2177[70], lena leasaítear an Treoir maidir le Sócmhainneacht II, an Treoir MiFID II agus an 4ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid, agus
- an 5ú Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil a ghlacadh[71], lena bhfaightear réidh leis na constaicí ar chomhar idir maoirseoirí stuamachta agus frithsciúrtha airgid/lena gcuirtear in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

3.2.2. Na tograí reachtacha

Mar a luadh thuas faoi Alt 1 (‘Réamhrá’), an 20 Iúil 2021, chuir an Coimisiún pacáiste i láthair ina bhfuil ceithre thogra reachtacha chun forálacha AML/CFT an Aontais Eorpaigh a neartú:

---

[65] Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005, *IO L 284, 12.11.2018, lgh. 6-21*.

[66] Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil, *IO L 284, 12.11.2018, lgh. 22-30.*

[67] Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú; *IO L 151, 7.6.2019, lgh. 1-14.*

[68] Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle, *IO L 186, 11.7.2019, lgh. 122-137.*

[69] Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); *IO L 334, 27.12.2019, lgh. 1-145*.

[70] Treoir (AE) 2019/2177 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Treoir 2009/138/CE maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais agus leanúint den ghnó sin (Sócmhainneacht II), Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha airgead a sciúradh nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); *IO L 334, 27.12.2019, lgh. 155-163.*

[71] Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis díolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); *IO L 150, 7.6.2019, lgh. 253-295*.

- Rialachán lena mbunaítear Údarás nua de chuid an Aontais ar AML/CFT (‘ Rialachán AMLA’)[72];
- Rialachán maidir le AML/CFT, ina bhfuil rialacha atá infheidhme go díreach, lena n-áirítear sna réimsí um Dhícheall Cuí Custaiméara agus na hÚinéireachta Tairbhiúil (‘Rialachán AML/CFT’)[73];
- An séú Treoir maidir le AML/CFT (‘AMLD6’), a thagann in ionad Threoir 2015/849/AE atá ann cheana (an ceathrú Treoir maidir le AMLD arna leasú leis an gcúigiú Treoir maidir le AMLD), ina bhfuil forálacha a thrasuífear sa dlí náisiúnta, amhail rialacha maidir le maoirseoirí náisiúnta agus AFAnna sna Ballstáit[74]; agus
- Athbhreithniú ar Rialachán 2015 maidir le hAistrithe Cistí chun aistrithe cripteashócmhainní a rianú (Rialachán 2015/847/AE) (‘an Rialachán maidir le hAistrithe Cistí’)[75].

Bheadh an Rialachán AML/CFT atá beartaithe ina ghné lárnach de rud ar a dtugtar ‘leabhar rialacha aonair’ AE maidir le AML/CFT de ghnáth. Chuirfeadh sé forálacha mionsonraithe atá infheidhme go díreach in ionad na rialacha íosta de Threoracha an Aontais maidir le AML atá i bhfeidhm faoi láthair. I measc na bpríomhcheisteanna a phléitear sa togra tá: na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar eintitis a theastaíonn chun sciúradh airgid a chosc (‘eintitis faoi oibleagáid’); trédhearcacht faisnéise maidir le daoine ar leo custaiméirí na n-eintiteas sin nó atá i gceannas ar na heintitis sin; agus mí-úsáid ionstraime gan ainm (mar shampla cripteashócmhainní). Dá bhrí sin, leathnófaí leis an Rialachán liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid chun gach soláthraí seirbhíse cripteashócmhainní a chuimsiú – mar a mhol an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) – agus dhéanfaí na ceanglais maidir le húinéireacht thairbhiúil a chuíchóiriú ar fud an Aontais Eorpaigh leis. Chuirfí srian leis freisin ar idirbhearta in airgead tirim, rud a shocródh uasteorainn EUR 10 000 chun glacadh le híocaíochtaí nó chun íocaíochtaí dhéanamh in airgead tirim ag daoine a bhíonn ag trádáil in earraí nó ag daoine a sholáthraíonn seirbhísí. Thairis sin, dhéanfaí cur chuige an Aontais i leith tríú tíortha a chomhchuibhiú le heasnaimh straitéiseacha ina gcórais AML/CFT.

Mhol an Coimisiún cumhachtaí díreacha maoirseachta a thabhairt don Údarás AML/CFT agus ba cheart go mbeadh go dtiocfadh siad i bhfeidhm in 2024. Ba cheart go dtosódh an tÚdarás ag feidhmiú a chumhachtaí maoirseachta a luaithe a dhéanfar AMLD6 a thrasuí agus a chuirfear tús le cur i bhfeidhm na rialacha nua.

Tá an pacáiste reachtach á phlé ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, agus tá dóchas ag an gCoimisiún go ndéanfar an próiseas reachtach go gasta.

3.2.3. Bearta tacaíochta breise

Leanann an Coimisiún Eorpach lena chuid oibre maidir le:

[72]Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010, COM/2021/421 final.

[73] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, COM(2021) 420 final.

[74] Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849, COM/2021/423 final.

[75] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus le cripteashócmhainní áirithe (athmhúnlú), COM/2021/422 final.

- **Feabhas a chur ar bhailiú sonraí staidrimh.** Ó mhí Eanáir 2020, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún, de bhun Airteagal 44 den AMLD, staidreamh náisiúnta maidir le hábhair atá ábhartha maidir le héifeachtacht chórais na mBallstát i ndáil le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a bhailiú agus tuairisc a thabhairt orthu ina dhiaidh sin. Tá modheolaíocht chun méideanna cainníochtúla sciúrtha airgid a bhailiú agus a mheas le forbairt freisin.
- **Oiliúint do ghairmithe a dhéanann gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoi 'phribhléid dhlíthiúil'.** Tá treoir agus léargas praiticiúil á gcur ar fáil ag an gCoimisiún chun cuidiú leo oibríochtaí ML/TF féideartha a aithint agus conas dul ar aghaidh i gcásanna den sórt sin. Tá tionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach chun oiliúint a chur ar dhlíodóirí ar siúl idir 2020 agus 2022[76].
- **Feasacht an phobail a mhúscailt** maidir le rioscaí ML/TF.
- **Faireachán breise a dhéanamh ar ghóchumadh airgeadra agus ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith aige le sciúradh airgid.** Leis an gclár Pericles IV maoinítear[77] malartuithe foirne, seimineáir, oiliúint agus staidéir d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha, do bhainc agus do dhaoine eile atá bainteach le góchumadh an euro a chomhrac. Féadfar gníomhaíochtaí a dhéanamh sa limistéar euro, i dtíortha den Aontas lasmuigh den limistéar euro agus i dtríú tíortha.

4. MOLTAÍ AGUS OBAIR LEANTACH

Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i bhfianaise an chreata dhlíthiúil nuashonraithe agus na dtograí a chuirtear i láthair ina phacáiste reachtach, measann sé gur cheart sraith beart maolaithe eile a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- leibhéil riosca ML/TF;
- an gá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais nó moladh do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh (coimhdeacht);
- an gá le bearta rialála nó neamhrialála (comhréireacht); agus
- an tionchar ar chearta chun príobháideachais agus ar chearta bunúsacha.

Chuir an Coimisiún san áireamh freisin an gá le haon mhí-úsáid nó míthuiscint maidir lena mholtaí a mbeadh dí-rioscú mar thoradh air a sheachaint, i.e.: aicmí iomlána custaiméirí a eisiamh agus deireadh a chur leis an gcaidreamh custaiméara, gan an leibhéal riosca in earnáil ar leith a chur san áireamh go hiomlán agus go cuí. D'fhéadfaí custaiméirí a fhágáil gan rochtain ar an gcóras airgeadais mar gheall air sin. Mar a léirigh ÚBE, d'fhéadfadh an dí-rioscú a bheith ina uirlis dhlisteanach um bainistiú riosca i gcásanna áirithe ach d'fhéadfadh sé a bheith ina chomhartha de bhainistiú riosca neamhéifeachtach i ndáil le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, agus go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha leis sin freisin[78].

Mar sin, sna ranna seo a leanas déantar moltaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, agus obair leantach á déanamh maidir leis an dul chun cinn atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a leagadh amach sna measúnaithe riosca fornáisiúnta roimhe seo.

[76] Is féidir lámhleabhair oiliúna a fháil anseo: https://ec.europa.eu/info/publications/aml-CFT-lawyers-training-manuals_en

[77] https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/euro-area/anti-counterfeiting/pericles-iv-programme_en

[78] I mí an Mhárta 2021 d'fhoilsigh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) trí ionstraim rialála chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais um dhí-rioscú bunaithe ar fhianaise a bailíodh ina ghlao ar ionchur: https://www.eba.europa.eu/eba-takes-steps-address-%E2%80%98de-risking%E2%80%99-practices

4.1. Moltaí do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna)

4.1.1. Sa ghlao ón gCoimisiún Eorpach ar chomhairle maidir le raon feidhme agus téarmaí achtaithe rialacháin atá le glacadh sa réimse a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc'

I mí an Mhárta 2020, d'iarr seirbhísí an Choimisiúin comhairle ar ÚBE maidir leis na réimsí inar féidir rialacha AML/CFT a neartú. Sholáthair ÚBE a thuairim an 10 Meán Fómhair 2020[79].

Mhol an ÚBE go molfadh an Coimisiún gnéithe de chreat reatha AML/CFT an Aontais a chomhchuibhiú i gcás ina raibh drochthionchar suntasach mar thoradh ar éagsúlacht na rialacha náisiúnta, amhail bearta díchill chuí custaiméara, córais rialaithe inmheánaigh, measúnuithe riosca maoirseachta, comhar agus forfheidhmiú. Mhol an ÚBE freisin go neartódh an tAontas Eorpach gnéithe dá chreat dlíthiúil ina mbraitear leochaileachtaí, go háirithe ag tagairt do chumhachtaí maoirseoirí AML/CFT agus do cheanglais tuairiscithe.

Mhol an ÚBE go ndéanfaí liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid a leathnú agus a shoiléiriú, go háirithe maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, gnólachtaí infheistíochta agus cistí infheistíochta. Mhol sé freisin go ndéanfaí forálacha sa reachtaíocht earnála maidir le seirbhísí airgeadais a shoiléiriú (go háirithe seirbhísí íocaíochta, seirbhísí airgeadais agus scéimeanna ráthaithe taiscí) lena áirithiú go bhfuil siad comhoiriúnach le cuspóirí AML/CFT an Aontais.

Rinneadh an t-ionchur sin a chomhtháthú i dtograí reachtacha an Choimisiúin.

4.1.2. Obair leantach ar mholtaí an Mheasúnaithe Riosca Fornáisiúnta 2019

I dtuarascáil 2019, mhol an Coimisiún gur cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha:

- *treoirlínte nuashonraithe maidir le rialachas inmheánach a chur ar fáil chun ionchais maidir le feidhmeanna oifigeach um chomhlíonadh in institiúidí airgeadais a shoiléiriú níos mó;*

Mar thoradh air sin, d'fhorbair an ÚBE treoirlínte maidir le ról agus freagrachtaí oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT[80]. Sonraítear sna treoirlínte sin ról, cúraimí agus freagrachtaí oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT agus an chomhlachta bainistíochta agus dóigh a mbíonn siad ag caidreamh, lena n -áirítear ar leibhéal an ghrúpa. Tá feidhm acu maidir le hoibreoirí uile na hearnála airgeadais atá laistigh de raon feidhme na Treorach AML.

4.2. Moltaí do mhaoirseoirí neamhairgeadais

Fuarthas sa mheasúnú sin go bhfuil na bagairtí agus an leochaileacht a braitheadh roimhe sin sa réimse neamhairgeadais fós infheidhme den chuid is mó. Dá bhrí sin,

[79] Tuairim ón Údarás Baincéireachta Eorpach maidir leis an gcreat AML/CFT a amach anseo san Aontas Eorpach, ÚBE/OP/2020/14: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/Publications/Opinions/2020/931092/Opinion%20on%20the%20future%20AML%20CFT%20framework%20in%20the%20EU.pdf

[80] https://www.eba.europa.eu/eba-publishes-guidelines-role-and-responsibilities-amlcft-compliance-officer

athdhearbhaíonn an Coimisiún na moltaí ón measúnú riosca fornáisiúnta a bhí ann roimhe seo maidir le comhlachtaí féinrialála, go sonrach chun tabhairt faoi chigireachtaí níos téamaí, chun an leibhéal tuairiscithe a ardú, agus chun leanúint le scéimeanna oiliúna a eagrú chun tuiscint ar rioscaí AML/CFT agus ar oibleagáidí um chomhlíonadh a fhorbairt.

4.3. Moltaí do na Ballstáit (údaráis náisiúnta agus/nó maoirseoirí náisiúnta)

4.3.1. Obair leantach ar mholtaí an Mheasúnaithe Riosca Fornáisiúnta 2019

Faoi Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Sciúradh Airgid, má chinneann na Ballstáit gan aon cheann de na moltaí a chur i bhfeidhm, ba cheart dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoina gcinneadh agus údar a thabhairt leis (‘comhlíon nó mínigh’). Go dtí seo, níor thug aon Bhallstát fógra den sórt sin don Choimisiún maidir le moltaí 2019.

Tá sé tábhachtach a shonrú go ndímholtar, go hiomlán nó go páirteach, le hoibleagáidí dlíthiúla na 5ú Treorach maidir le Sciúradh Airgid, na moltaí roimhe seo, go háirithe a mhéid a bhaineann le trédhearcacht mhéadaithe i ndáil le húinéireacht thairbhiúil, tairseacha laghdaithe i ndáil le dícheall cuí custaiméara i roinnt earnálacha, nó liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid a mhéadú.

Sonraítear sa roinn seo a leanas roinnt gnéithe bunúsacha de mholtaí an Choimisiúin.

(1) Raon feidhme na measúnuithe riosca náisiúnta

Sainaithníodh i dtuarascálacha roimhe seo gur cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ina measúnuithe riosca náisiúnta ar ghnólachtaí atá dian ar airgead agus ar íocaíocht in airgead tirim, ar earnáil NPO agus ar tháirgí ríomhairgid mar réimsí ar cheart dóibh bearta maolaithe iomchuí a shainiú ina leith.

Chun na críche sin, fuair an Coimisiún na measúnuithe riosca náisiúnta is déanaí ó 25 Bhallstát go dtí seo[81]. Moltar do na Ballstáit eile iad a chur isteach go práinneach i ndiaidh an mholta seo.

Meabhraítear sa tuarascáil seo do na húdaráis náisiúnta a n-oibleagáid a measúnú riosca a choinneáil cothrom le dáta. Lena chois sin, cloítear le moladh 2019 sa tuarascáil seo agus iarrtar ar gach Ballstát a áirithiú go gcumhdófar ina **measúnuithe riosca náisiúnta** na rioscaí a bhaineann leis na táirgí agus na hearnálacha thuasluaite agus soláthar a dhéanamh do na bearta maolaithe iomchuí.

(2) Úinéireacht thairbhiúil

Tá ardleibhéal trédhearcachta maidir le faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil ríthábhachtach chun mí -úsáid eintiteas dlíthiúil a chomhrac. Le rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin is féidir leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear an preas nó eagraíochtaí sochaí sibhialta, i grinnscrúdú níos doimhne a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus cuireann sé le hiontaoibh i sláine an chórais airgeadais a chaomhnú. Braitheann muinín infheisteoirí agus an phobail i gcoitinne as margaí airgeadais ar chóras nochta cruinn a

[81] Tá ar an bPortaingéil agus ar an Rómáin a measúnuithe riosca náisiúnta a sheoladh chuig an gCoimisiún go fóill. Fuarthas measúnuithe riosca náisiúnta ón Íoslainn agus ón Iorua freisin.

bheith ann, rud a sholáthraíonn trédhearcacht in úinéireacht thairbhiúil agus i struchtúir rialaithe na gcuideachtaí.

Ar na cúiseanna sin, cloíodh i dtuarascáil 2019 le moladh 2017 do na Ballstáit gur cheart go mbeadh an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil eintiteas dlíthiúil agus socruithe dlíthiúla leordhóthanach, cruinn agus cothrom le dáta. Go sonrach, ba cheart uirlisí a fhorbairt lena áirithiú go ndéanfar úinéireacht thairbhiúil a shainaithint agus bearta díchill chuí custaiméara á gcur i bhfeidhm agus go ndéanfar faireachán agus maoirseacht éifeachtach ar na hearnálacha is mó atá neamhchosanta ar scéimeanna úinéireachta tairbhiúla doiléire.

Fad is nach bhfuil cláir phoiblí curtha chun feidhme go hiomlán agus go bhfuil deacrachtaí ann fós maidir le rochtain ar fhaisnéis, beidh an sreabhadh airgid shalaigh fós ina fhíor-riosca don Aontas Eorpach ina iomláine. Dá bhrí sin, cloítear sa tuarascáil seo le moladh 2019 agus spreagtar na Ballstáit na forálacha a leagtar amach sa Treoir maidir le Sciúradh Airgid a bhaineann le cláir úinéireachta tairbhiúla a **chur chun feidhme go hiomlán**.

Tá an Coimisiún i mbun measúnú a dhéanamh faoi láthair ar chur chun feidhme na gclár náisiúnta um úinéireacht thairbhiúil trí cheistneoirí tiomnaithe i gcomhthéacs a mheasúnaithe chothrománaigh ar chur chun feidhme AMLD5 agus leanann sé go cúramach forbairtí na gné lárnaí sin de chreat dlíthiúil AML/CFT an Aontais[82].

Ina theannta sin, i bhfianaise fhogha na Rúise faoin Úcráin, ba cheart do na Ballstáit glacadh na mbeart atá molta sa phacáiste maidir le Sciúradh Airgid a réamh-mheas a mhéid is féidir lena áirithiú go bhfuil faisnéis chuimsitheach i gcláir maidir le húinéireacht thairbhiúil.

(3) Acmhainní iomchuí do mhaoirseoirí AML/CFT agus AFAnna

Le hAirteagal 32 de AMLD, ceanglaítear ar na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla a sholáthar dá AFAnna chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Léiríodh sa tuarascáil ar an measúnú ar chásanna sciúrtha airgid a líomhnaítear le déanaí a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa an Aontais, áfach, go raibh go leor maoirseoirí gann ar fhoireann cheana féin. Leagadh béim ar an easnamh sin freisin i dtuarascáil ÚBE ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a théann i gcion ar earnáil airgeadais an Aontais[83].

Cloítear sa tuarascáil seo leis an moladh go ndéanfadh na Ballstáit a n-iarrachtaí sa réimse seo a threisiú níos mó agus a thaispeáint gur féidir le maoirseoirí AML/CFT a **gcúraimí a chur i gcrích go hiomlán.**

(4) Cigireachtaí méadaithe ar an láthair ag maoirseoirí

I dtuarascáil 2019 leanadh le moladh 2017 do na Ballstáit líon leordhóthanach cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh maidir leis an earnáil airgeadais agus an earnáil neamhairgeadais araon.

---

[82] I mí Mheán Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach tuarascáil ina ndearnadh measúnú féachaint ar shainaithin na Ballstáit go cuí gach iontaobhas agus gach comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a rialaítear faoina ndlíthe agus ar chuir siad faoi réir oibleagáidí Threoir (AE) 2015/849 iad: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020DC0560

[83] Féach lgh. 19-20 den Tuairim.

Tá difríochtaí suntasacha ann fós i measc na mBallstát; léirigh roinnt acu ina measúnuithe riosca náisiúnta go ndéanann siad cigireachtaí maoirseachta téamacha go rialta, agus thuairiscigh roinnt eile acu go ndéanann siad measúnú riosca ginearálta.

Maidir leis an earnáil airgeadais, ba cheart do AFAnna, maoirseoirí agus údaráis inniúla eile AML/CFT leanúint le **cigireachtaí ar an láthair** a dhéanamh a bheidh i gcomhréir, i gcomhthéacs minicíochta agus déine, leis na rioscaí ML/TF arna sainaithint. Ní mór dóibh sin díriú ar rioscaí sonracha oibriúcháin ML/TF, ag brath ar an leochaileacht shonrach a bhaineann le táirge nó seirbhís. Go háirithe:

- Léirítear leis an tuairim ón ÚBE maidir le rioscaí ML/TF go bhfaigheann institiúidí creidmheasa an cumhdach is mó ó thaobh gníomhaíochtaí maoirseachta de. Meastar sa tuarascáil seo freisin gur gá d'údaráis inniúla faireachán cuimsitheach a dhéanamh ar bhainistiú riosca ML/TF ag institiúidí creidmheasa agus, más gá, a n-iarrachtaí maoirseachta a neartú le faireachán níos fiafraithí ar na gnólachtaí sin a mbaineann na rioscaí ML/TF is suntasaí leo.
- Déantar rialuithe san earnáil institiúidí íocaíochta, a mbaineann rioscaí suntasacha leo, a rátáil fós mar a bheith lag nó an-lag[84]. Sa tuarascáil seo, i gcomhréir leis an Tuairim ón ÚBE, moltar maoirseacht fheabhsaithe ar an láthair a dhéanamh ar an earnáil.
- a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí ríomh-airgid, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le hiniúchtaí lánscóipe ar an láthair i ngach cás. Ina ionad sin, mar shampla, moltar athbhreithnithe téamacha ar an láthair lena áirithiú go bhfuil cumhdach leordhóthanach maoirseachta ann do líon leordhóthanach gnólachtaí.
- Is earnáil iad gnólachtaí infheistíochta freisin ar thug roinnt údarás le fios ina leith nár thug siad faoi aon chigireachtaí lasmuigh den láthair/ar an láthair sa tréimhse atá faoi athbhreithniú. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas an méadófar cion na gcigireachtaí a dhéantar ar an láthair i bhfianaise na rioscaí sainaitheanta.

Maidir leis an earnáil neamhairgeadais, iarrtar sa tuarascáil seo ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh a AFAnna, a maoirseoirí (i gcás inarb ann dóibh) agus údaráis inniúla AML/CFT eile a ndóthain **spotseiceálacha gan fógra**, go háirithe ar dhéileálaithe ardluacha, gairmithe eastáit réadaigh agus trádálaithe seandachtaí.

(5) AFAnna, maoirseoirí agus údaráis inniúla eile AML/CFT le cigireachtaí téamacha a dhéanamh

Moladh i dtuarascálacha roimhe seo go gcothódh maoirseoirí tuiscint níos fearr ar na rioscaí ML/TF a bhfuil cuid shonrach den ghnólacht neamhchosanta orthu. Léirítear san fhaisnéis a fuair an Coimisiún nach bhfuil sin déanta ach go méid áirithe. Is fiú a lua freisin, in earnálacha áirithe (e.g.: ealaín agus seandachtaí) nach ann d'aon maoirseoirí ar leith).

I réimse an mhalartaithe airgeadra (bureaux de change), moltar d'údaráis inniúla aird chuí a thabhairt ar chigireachtaí téamacha chun tuiscint leathan a chothú ar rioscaí agus ar cháilíocht na n-iarrachtaí um maolú riosca san earnáil.

Cloítear sa tuarascáil seo leis an moladh go n-áiritheoidh na Ballstáit freisin go ndéanfaidh AFAnna, maoirseoirí (i gcás inarb ann dóibh) agus údaráis inniúla AML/CFT eile **cigireachtaí téamacha.**

(6) Liosta níos leithne d'eintitis faoi oibleagáid

[84] Mar a luadh sa Tuairim ón ÚBE faoi roinn 4.2.2, 'Cáilíocht na rialuithe'.

Leis an 5ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid, leathnaíodh raon feidhme chóras AML/CFT chuig: cuideachtaí airgeadra fiat go criptea-airgeadraí agus soláthraithe seirbhíse tiachóg taisceánach; trádálaithe ealaíne (nuair is ionann luach na n-idirbheart nó sraithe idirbheart nasctha agus EUR 10 000 nó níos mó); daoine a sholáthraíonn seirbhísí amhail iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach mar phríomhghnó nó mar ghníomhaíocht ghairmiúil; agus gníomhairí eastáit a ghníomhaíonn mar idirghabhálaithe i ligean maoine nuair is ionann an cíos míosúil agus EUR 10 000 nó níos mó. Léirítear in athbhreithniú ar mheasúnuithe riosca agus ar thrasuíomhanna náisiúnta arna dhéanamh ag formhór na mBallstát gur cloíodh leis an mbeart maolaithe sin go den chuid ba mhó.

Cloítear sa tuarascáil seo leis an moladh go dtabharfar aird ar leith ar **ghairmithe i mbaol go mór:** gníomhairí eastáit, déileálaithe ealaíne agus seandachtaí agus trádálaithe sonracha in earraí ardluacha má ghlacann siad le híocaíochtaí airgid thar thairseach áirithe; ardáin mhalairte airgeadra fhíorúla agus soláthraithe tiachóg.

(7) Leibhéal cuí maidir le dícheall cuí custaiméara le haghaidh idirbhearta ócáideacha

Sa togra le haghaidh Rialachán AML/CFT, molann an Coimisiún nár cheart go gceanglófaí ar eintitis faoi oibleagáid bearta díchill chuí a chur i bhfeidhm ar chustaiméirí a dhéanann idirbhearta ócáideacha nó idirbhearta nasctha faoi bhun luach áirithe, mura bhfuil amhras ann maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. De bhrí go bhfuil feidhm ag an tairseach EUR 10 000 maidir le formhór **na n-idirbheart ócáideach**, ba cheart ceangal a chur ar eintitis faoi oibleagáid a oibríonn in earnálacha nó a dhéanann idirbhearta lena mbaineann riosca níos airde maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta dícheall cuí custaiméara a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta a bhfuil tairseacha níos ísle leo.

Dá bhrí sin, cloítear sa tuarascáil seo le moladh 2019 do na Ballstáit critéir a leagan amach lena n-áiritheofar nach sárófar na rialacha maidir le dícheall cuí custaiméara is infheidhme maidir le **caidreamh gnó**.

(8) Leibhéal cuí um dhícheall cuí custaiméara le haghaidh seirbhísí slánchumhdaigh agus seirbhísí comhchosúla

Mar gheall ar an treocht atá ag méadú a braitheadh a mhéid a bhaineann le húsáid na seirbhísí sin ag eagraíochtaí coiriúla chun fáltais ó choireacht a cheilt, cloítear sa tuarascáil seo leis an moladh go n-áiritheodh na Ballstáit leibhéal cuí um **dhícheall cuí custaiméirí** le haghaidh seirbhísí slánchumhdaigh agus seirbhísí comhchosúla.

(9) Comhar rialta idir údaráis inniúla agus eintitis faoi oibleagáid

I dtuarascálacha roimhe seo moladh comhar feabhsaithe idir údaráis inniúla agus eintitis faoi oibleagáid d'fhonn brath idirbheart amhrasach a shimpliú, líon agus cáilíocht na dtuairiscí maidir le hidirbhearta amhrasacha a mhéadú, agus treoir a chur ar fáil maidir le rioscaí, dícheall cuí custaiméara, agus ceanglais maidir le tuairisciú. Cuireann roinnt earnálacha béim fós air go bhfuil an easpa aiseolais ar a dtuairiscí maidir le hidirbhearta amhrasacha ina fadhb, go háirithe: cearrbhachas, comhairleoirí cánach, iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha, nótairí agus gairmithe dlí neamhspleácha eile agus seirbhísí aistrithe airgid nó luacha.

Moltar sa tuarascáil seo go mbeadh **dlúthchomhar leanúnach** ann idir údaráis inniúla AML/CFT, AFAnna, údaráis forfheidhmithe dlí, agus an earnáil phríobháideach.

Bunaíodh Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna) i roinnt Ballstát chun comhar agus malartú faisnéise a fheabhsú agus chun cur le tuairisciú ar idirbhearta amhrasacha a fheabhsú. Cuimsítear i roinnt CPPanna freisin faisnéis bheartach a roinnt chun tacú le himscrúduithe leanúnacha arna ndéanamh ag údaráis forfheidhmithe dlí. Trí chomhroinnt faisnéise, féadfaidh eintitis faoi oibleagáid a gcórais faireacháin a choigeartú níos mó chun tíopeolaíochtaí agus rioscaí nua a léiriú.

(10) Sainoiliúint agus oiliúint leanúnach d'eintitis faoi oibleagáid

Léiríonn an chuid is mó de na Ballstáit gur cuireadh oiliúint ar fáil mar a mholtar, agus gur eisíodh treoir maidir le hoibleagáidí AML/CFT le haghaidh earnálacha éagsúla.

Cloítear sa tuarascáil seo leis an moladh **tuilleadh oiliúna a sholáthar**, go háirithe maidir le heintitis faoi oibleagáid atá i mbaol suntasach, mar a shainaithnítear sa mheasúnú riosca fornáisiúnta seo.

(11) Tuairisciú bliantúil ó údaráis inniúla/comhlachtaí féinrialála ar ghníomhaíochtaí AML/CFT na n-eintiteas faoi oibleagáid faoina bhfreagrachtaí

Tugtar le fios i measúnuithe riosca náisiúnta gur gníomhaíocht le déanaí fós is ea gníomhaíocht mhaoirseachta a dhéanann comhlachtaí féinrialála, le leibhéil éagsúla um chomhlíonadh agus, dá réir sin, go bhfuil easpa staidreamh mionsonraithe. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán AML/CFT, tugtar isteach forálacha chun comhlíonadh a n-oibleagáidí maidir le ceanglais na n-eintiteas faoi oibleagáid a éascú agus chun feidhmiú níos éifeachtaí ar ghníomhaíochtaí anailíseacha agus chomhar na AFAnna a éascú. I gcomparáid leis an 5ú Treoir maidir le Sciúradh Airgid, méadaítear comhsheasmhacht trína áirithiú go mbeidh na comhlachtaí féinrialála sin faoi réir maoirseachta ag údarás poiblí nuair a dhéanann comhlachtaí féinrialála maoirseacht.

Cloítear as tuarascáil seo leis an moladh a bhí ann roimhe seo agus spreagtar comhlachtaí féinrialála inti chun **ról níos réamhghníomhaí** a ghlacadh i maoirseacht AML/CFT.

4.4. Anailís riosca de réir táirge/seirbhíse — moltaí sonracha

Chomh maith leis na moltaí thuas[85], tá gá leis an mbeart seo a leanas a bhaineann go sonrach le táirge/earnáil[86]:

4.4.1. Airgead tirim agus sócmhainní airgeadúla

- Ina measúnuithe riosca náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit na rioscaí a bhaineann le híocaíochtaí ardluacha airgid agus le gnólachta atá dian ar airgead a chur san áireamh, agus bearta maolaithe iomchuí a ghlacadh.

4.4.2. An earnáil airgeadais

- Tá sé riachtanach go ndéanfaidh na Ballstáit a gcláir maidir le húinéireacht thairbhiúil a fhorbairt agus a fheabhsú chun cuidiú le seiceálacha láidre díchill chuí custaiméara a dhéanamh.

[85] Déantar roinnt moltaí a athrá anseo i gcomhthéacs earnálacha ar leith.

[86] Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi na moltaí de réir táirge/seirbhíse, féach an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

- Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar na córais faireacháin agus bhraite is infheidhme maidir le táirgí atá níos neamhchosanta ar rioscaí TF.
- Ba cheart do na Ballstáit leanúint le cigireachtaí téamacha a dhéanamh, ag díriú ar réimsí éagsúla ag brath ar an earnáil/táirge. Maidir le cigireachtaí ar an láthair i gcuideachtaí ábhartha in earnáil ar leith, tá sé níos éifeachtaí réimsí riosca a roghnú ná cigireacht fhoriomlán a dhéanamh; tabharfar léargas soiléir leis sin do mhaoirseoirí maidir le dea-chleachtais agus na heasnaimh is suntasaí.
- Oiliúint agus treoir a sholáthar maidir le fachtóirí riosca amhail caidreamh nó idirbhearta gnó nach cinn aghaidh ar aghaidh iad, idirghabhálaithe gairmiúla agus custaiméirí eischósta, agus struchtúir chasta nó chaocha.

4.4.3. An earnáil neamhairgeadais agus táirgí — Gnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe

- Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh na húdaráis inniúla/comhlachtaí féinrialála oiliúint agus treoir maidir le fachtóirí riosca, ag díriú go sonrach ar chaidreamh gnó nach caidreamh aghaidh ar aghaidh é, idirghabhálaithe gairmiúla agus custaiméirí nó dlínsí eischósta, agus struchtúir chasta nó chaocha.
- Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí féinrialála/údaráis inniúla cigireachtaí téamacha ar chomhlíonadh ceanglas sainaitheanta maidir le húinéirí tairbhiúla.
- Ba cheart d'údaráis inniúla/comhlachtaí féinrialála tuarascálacha bliantúla a sholáthar do na Ballstáit maidir leis na bearta arna ndéanamh lena mheas an bhfuil a n-oibleagáidí maidir le dícheall cuí custaiméara á gcomhlíonadh ag na heintitis faoi oibleagáid, lena n-áirítear ceanglais maidir le húinéirí tairbhiúla, tuairiscí ar idirbhearta amhrasacha agus rialuithe inmheánacha.
- Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí a sholáthraíonn comhairle do ghnóthais maidir le struchtúr caipitil, straitéis thionsclaíoch agus cúrsaí gaolmhara, agus comhairle agus seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus ceannach gnóthas, a n-oibleagáidí maidir le húinéirí tairbhiúla a chomhlíonadh.

4.4.4. An earnáil chearrbhachais

- Ba cheart d'údaráis inniúla cláir a chur i bhfeidhm chun feasacht a mhúscailt i measc oibreoirí cearrbhachais ar líne maidir leis na fachtóirí riosca atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leochaileacht na hearnála, lena n-áirítear úsáid as ríomhairgead gan ainm agus as airgeadraí fíorúla agus teacht chun oibreoirí cearrbhachais neamhúdaraithe ar líne. Leis an aiseolas ó AFAnna ar cháilíocht na dtuairiscí ar idirbhearta amhrasacha chuirfí feabhas ar an tuairisciú agus ar an úsáid a bhaintear as an bhfaisnéis a sholáthraítear.
- Chomh maith le seisiúin oiliúna, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh oiliúint leordhóthanach ann a dhíreodh ar mheasúnuithe riosca iomchuí ar tháirgí ábhartha/ar shamhlacha ábhartha gnó don fhoireann, d'oifigigh um chomhlíonadh agus do mhiondíoltóirí.

4.4.5. Cistí a bhailiú agus a aistriú trí eagraíocht neamhbhrabúsacha

- Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh baint níos mó ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha le measúnuithe riosca náisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht go ndéanfadh institiúidí airgeadais an dí-rioscú.

- Ba cheart do na Ballstáit cláir faisnéise agus cláir múscailte feasachta a fhorbairt maidir leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus ábhair múscailte feasachta a chur ar fáil dóibh.

4.4.6. Peil ghairmiúil, saorphoirt, scéimeanna saoránachta agus cónaithe d'infheisteoirí

- *Peil ghairmiúil* – ba cheart do na Ballstáit a mheas cad iad na gníomhaithe ba cheart a chumhdach faoin oibleagáid maidir le hidirbhearta amhrasacha a thuairisciú agus cad iad na ceanglais ba cheart feidhm a bheith acu maidir le rialú agus clárú thionscnamh na sealbhóirí cuntais agus na dtairbhithe cistí.
- *Saorphoirt* – ba cheart do na Ballstáit iniúchtaí neamhspleácha rialta a chur chun feidhme maidir le feidhmeanna um chomhlíonadh oibreoirí na saorphort a comhaontaíodh maidir le sciúradh airgid agus forfheidhmiú leormhaith agus comhsheasmhach na nósanna imeachta um fhrithsciúradh airgid agus ar maoirseacht atá cumhdaithe sa dlí cheana féin a áirithiú.
- *Scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus cónaithe d'infheisteoirí* – ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus measúnú críochnúil a dhéanamh ar rioscaí ML/TF ina scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí.

5. CONCLÚIDÍ

Leanfaidh an Coimisiún le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí sa mheasúnú riosca fornáisiúnta seo agus le tuairisciú a dhéanamh arís, i bprionsabal faoi 2024, i bhfianaise na n-athruithe a d'fhéadfaí a thabhairt isteach ar chreat rialála reatha an Aontais Eorpaigh. Déanfar measúnú san athbhreithniú freisin ar an dóigh a ndéanann bearta an Aontais agus bearta náisiúnta difear do na leibhéil riosca.